An Roinn Oideachais
Department of Education

# *Céim Suas*
# Ciste Barr Feabhais Scoileanna - tuarascáil tionscadail: próiseas, gníomhaíochtaí, ábharthacht sa todhchaí (2018 – 2021)

Márta 2022

# Clár

**1. Réamhrá 4**

**2. Cérbh é an tionscadal Ciste Barr Feabhais Scoileanna - Céim Suas? 9**

2.1 An Ciste Barr Feabhais Scoileanna (CBFS) 9
2.2 Aidhmeanna Sonracha an tionscadail Céim Suas 9
2.3 Cén fáth ar tugadh Céim Suas isteach? 10
2.4 Próiseas Roghnúcháin 10
2.5 Cé a bhí páirteach? 11
2.6 Na cuspóirí sonracha a d'fhéach an Tionscadal Céim Suas le baint amach 11
2.7 Riachtanais tionscadail do na scoileanna 12
2.8 Maoiniú 12
2.9 Mar a raibh meastóireacht le déanamh ar an dul chun cinn 13
2.10 Mar a chuaigh Covid 19 i gcion ar amlíne an tionscadail 14

**3. Samhail tacaíochta Céim Suas 15**

3.1 Cúlra 15
3.2 An bonn le Céim Suas 15
3.3 Cleachtadh athmhachnamhach 16
3.4 Gníomhú múinteoirí 17
3.5 Comhar 18
3.6 Ceannaireacht agus coimeád athraithe 20
3.7 Do scéal Céim Suas a insint 20
3.8 Cuairteanna scoile ag cigirí agus comhairleoirí SSM 21
3.9 Mar a chuidíonn Céim Suas le cleachtas FMS na hÉireann agus le rannpháirtíocht leanúnach na múinteoirí san athchóiriú curaclaim 22

**4. Tuairimí na gcomhairleoirí SSM agus na gcigirí faoi thorthaí Céim Suas 24**

4.1 An riachtanas leanúnach le hathbhreithniú agus athscagadh a dhéanamh ar fhócas tionscadal 24
4.2 An fhorbairt ar chleachtais aonair na múinteoirí agus cleachtas comhchoiteann/comhoibríoch na múinteoirí 26
4.3 Eispéiris foghlama agus torthaí na scoláirí 27
4.4 Impleachtaí do cheannairí scoile 28
4.5 Bealaí oibre sa todhchaí do chigirí agus comhairleoirí sa tseirbhís tacaíochta do mhúinteoirí 28

**5. Anailís chomparáideach ar an bpróiseas agus torthaí foghlama a dtugtar cur síos orthu sna naoi gcás-staidéar Céim Suas 30**

5.1 Mar a d'oibrigh na foirne Céim Suas le chéile 30

5.2 Tionscadail a dhírigh ar phríomhscileanna Sraithe Sóisearaí na scoláirí a neartú nó gnéithe de na scileanna sin a neartú 31

5.3 Tionscadail a d'fhéach le cleachtais measúnaithe foirmithigh ar leith a fhorbairt i measc na múinteoirí agus na scoláirí 36

5.4 Tionscadal a ghabh don fhorbairt curaclaim agus don fhorbairt oideolaíochta ag an am céanna 37

5.5 Tionchair nuálaíocha scoile uile ó Céim Suas 40

**6. Ag foghlaim ó Céim Suas don chóras 41**

6.1 Comhairle ó scoileanna Céim Suas chun tacú leis an gcéad timthriall eile de FMS 41

6.2 Le hobair chomhtháite ag an gCigireacht agus seirbhísí tacaíochta do mhúinteoirí, bhainfí torthaí FMS níos mó fós amach i scoileanna 44

6.3 An gá le Céim Suas 2 45

**Buíochas 46**

# 1. Réamhrá

Sa bhliain 2015, sheol an Roinn Oideachais agus Scileanna an *Creat don tSraith Shóisearach*, inar tugadh cur síos ar athchóiriú mórscála ar churaclam na sraithe sóisearaí in Éirinn a bhí á ullmhú ó 2010 ar aghaidh.[1]

Sa bhliain 2016, sheol an Roinn Oideachais agus Scileanna sraith nua d'fhéinmheastóireacht scoile (FMS) do bhunscoileanna agus iar-bhunscoileanna.[2] In Imlitir 40/2016 dúradh leis na hiar-bhunscoileanna, maidir leis an tsraith nua FMS seo: "Ba chóir do scoileanna leanúint ag úsáid an phróisis chun tionscnaimh náisiúnta a chur i bhfeidhm agus chun gnéithe eile dá gcleachtais teagaisc agus foghlama féin, gur gá a fhorbairt agus fheabhsú, a aithint agus dul i mbun oibre orthu. Beidh éagsúlachtaí ag baint leis na gnéithe den teagasc agus den fhoghlaim de réir riachtanais na scoileanna. Mar ghnáthnós, bainfidh formhór na scoileanna úsáid as an bpróiseas chun cuidiú leo réimsí ábhartha den *Creat don tSraith Shóisearach a* chur i láthair agus a leabú.*"* [3]

In 2018, sheol an Roinn Oideachais agus Scileanna tionscadal sa Chiste Barr Feabhais Scoileanna dar teideal Céim Suas. Ba iad na cuspóirí a ainmníodh don tionscadal Céim Suas eispéiris foghlama agus torthaí ar chaighdeán níos airde a bhaint amach do scoláirí trí fhorfheidhmiú níos éifeachtaí ar ghnéithe den *Creat don tSraith Shóisearach (2015).* Bhí scoileanna sa tionscadal le tacaíocht a fháil chun cleachtais an-éifeachtach de chomhar agus athmhachnamh múinteoirí a fhorbairt, á dtreorú ag próiseas agus caighdeáin FMS (mar atá leagtha amach i gcreat cáilíochta na Cigireachta *Ag Breathnú ar an Scoil Againne 2016: Creat Cáilíochta d'Iar-Bhunscoileanna*), agus ag an am céanna forbairt a dhéanamh ar nuálaíocht atá dírithe ar scoláirí i dtaca le gnéithe den *Creat don tSraith Shóisearach (2015).* Tugadh cuireadh do ghrúpaí tras-ábhair múinteoirí a raibh a n-ábhair an na chéad trí ábhar a ndearnadh athrú sonrúcháin orthu faoin *Creat don tSraith Shóisearach (2015)* páirt a ghlacadh in Céim Suas, agus

---

[1] In 2010, sheol an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) comhairliúchán poiblí lenar tograíodh an smaoineamh de "Creat don tSraith Shóisearach" ina bhféadfadh scoileanna an tsraith shóisearach a eagrú, le roinnt gnéithe ann do na scoláirí agus scoileanna uile, agus roinnt eile deartha ag an scoil. Ina dhiaidh sin, foilsíodh, *I dTreo Creata le haghaidh na Sraithe Sóisearaí – Nuáil agus Sainiúlacht* (2011) agus *Creat don tSraith Shóisearach* (2012). I ndiaidh 2012, bhí tuilleadh caidrimh leis na comhpháirtithe oideachais agus le taighde náisiúnta agus idirnáisiúnta, agus sa deireadh thiar thall aontaíodh ar an *Creat don tSraith Shóisearach* (2015).

[2] Sa bhliain 2020, rinneadh an Roinn Oideachais agus Scileanna a athainmniú go dtí an Roinn Oideachais, agus cruthaíodh roinn rialtais ar leith darbh ainm an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta.

[3] In Imlitir 40/2016 dúradh freisin "Táthar ag brath go mbainfidh scoileanna úsáid as an bpróiseas freisin chun fócas bríoch a choimeád ar an litearthacht agus ar an uimhearthacht."

cruthaíodh an deis go mbeadh tionchar ag a raibh foghlamtha acu ar an gcleachtas i réimsí ábhair eile laistigh dá scoileanna.

Ceapadh Céim Suas le tacaí foghlama gairmiúla agus am ionscoile a sholáthar do líon beag scoileanna tionscadail, a cheadaigh cás-staidéir éagsúla a ghabháil inar forbraíodh cuir chuige nuálaíocha i dtaca le forfheidhmiú níos éifeachtaí ar ghnéithe den *Creat don tSraith Shóisearach (2015),* le scaipeadh go poiblí. Fuair na scoileanna tionscadail tacaíocht ó chomhfhoireann de chomhairleoirí ón tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí (SSM) cigirí iar-bhunscoile, trí laethanta seimineáir lasmuigh den scoil agus cuairteanna ionscoile, agus tacaíocht leanúnach á cur ar fáil ag an gcomhairdaitheoir tionscadail ainmnithe do Céim Suas (comhairleoir SSM). Cé gur oibrigh na scoileanna tionscadail Céim Suas ar bhonn aonair, sna seimineáir go léir a d''eagraigh SSM leagadh béim ar phiarchomhar agus ar phiarfhoghlaim ar fud na scoileanna.

Sa tábla seo a leanas tugtar achoimre ar na téamaí a lean na naoi scoil tionscadail trí Céim Suas ó 2018-2021:

| **Scoil** | **Réimsí fócais** |
|---|---|
| Coláiste Pobail Bhuiríos Uí Chéin, Co. Thiobraid Árann | Teanga an mheasúnaithe a shoiléiriú chun cuidiú le scoláirí páirt níos fónta a ghlacadh ina bhfoghlaim trí cheithre phríomhchleachtas don mheasúnú foirmitheach a leabú i measc na múinteoirí agus na scoláirí: intinní foghlama, critéir ratha a chomhchruthú, aiseolas foirmitheach éifeachtach, agus cleachtais athmhachnamhacha |
| Coláiste Chaladh an Treoigh, Co. Luimnigh | Múinteoirí ábhar a thabhairt le chéile a raibh inbhuanaitheacht nasctha le torthaí foghlama i sonrúchán a n-ábhar don tSraith Shóisearach, chun eispéireas foghlama idirdhisciplíneach a fhorbairt do na scoláirí, a dearadh ag baint úsáid as modheolaíochtaí gníomhacha agus dúshlánacha don mheasúnú foirmitheach. |
| Coláiste Pobail Chaisleán Cnucha, Baile Átha Cliath 15 | Tacú leis an bhforbairt ar scileanna éisteachta, smaointeoireachta criticiúla agus labhartha na scoláirí trí theagasc scileanna follasach agus níos mó deiseanna a chruthú do scoláirí gabháil go ghníomhaíochtaí labhartha agus éisteachta atá fiúntach agus comhoibríoch sa rang. |
| Coláiste Muire, Inis, Co. an Chláir | Tuilleadh forbartha ar acmhainneacht athmhachnaimh agus straitéisí oideolaíochta na múinteoirí chun ról atá níos athmhachnamhaí agus níos dírithe ar ghníomhartha ina bhfoghlaim, as a dtiocfaidh eispéiris foghlama níos |

| | |
|---|---|
| | tarraingtí agus torthaí níos airde do scoláirí. |
| Coláiste Naomh Bricín, Béal Tairbirt, Co. an Chabháin | Bliain 1: Feabhas a chur ar chumas na scoláirí ceisteanna a chur, a chruthú agus a mhúnlú<br><br>Bliain 2: Cleachtas comhsheasmhach a bhunú i measc na múinteoirí i dtaca le critéir ratha a úsáid, lena chinntiú go mbeidh comhleanúnachas idir critéir ratha na múinteoirí agus an t-aiseolas a bhí á sholáthar acu, agus chun aiseolas níos saibhre a fháil do scoláirí maidir le píosaí oibre suimitheacha.[4] |
| Coláiste Naomh Columba, Sraith an Urláir, Co. Dhún na nGall | Forbairt a dhéanamh ar raon níos leithne de chuir chuige aiseolais laethúla idirghníomhacha sa seomra ranga ó na scoláirí chuig na múinteoirí, chun níos mó deiseanna a thabhairt do na scoláirí a bheith páirteach go gníomhach ina bhfoghlaim, a dtuairimí a thabhairt, agus níos mó freagrachta a thógáil as a bhfoghlaim. |
| Pobalscoil Naomh Colmcille, Cnoc Lín, Baile Átha Cliath 16 | Eispéiris foghlama níos dúshlánaí a chruthú trí chleachtais ceistiúcháin a fhorbairt a thuilleadh sa scoil. |
| Meánscoil Lughaidh Naofa, Dún Dealgan, Co. Lú | Neartú a dhéanamh ar úsáid teicneolaíochtaí foghlama digiteacha ag na scoláirí agus na múinteoirí, mar ghné atá i gcoiteann ag na príomhscileanna coitianta ag na hocht bpríomhscil sa tsraith shóisearach. |
| Coláiste Stratford, Ráth Garbh, Baile Átha Cliath 6 | Múinteoirí ag obair trasna disciplíní chun raon níos leithne a fhorbairt de mhodheolaíochtaí atá bunaithe ar imscrúdú agus comhoibríoch, agus chun cleachtais chosúla a aontú i dtaca le teagasc na bpríomhscileanna, chun tacú le scoláirí atá páirteach i measúnaithe rang-bhunaithe (MRBanna). |

[4] Tharla an t-athrú fócais seo ó Bhliain 1 toisc go raibh athruithe suntasacha i bhfoireann Céim Suas na scoile faoi Bhliain 2. Féach ar roinn 2.10 do mhíniú ar cén chaoi, mar thoradh ar thionchar Covid 19, ar mhair tionscadal dhá bhliain ar feadh na tréimhse 2018 – 2021 sa deireadh thiar thall.

Chuir na naoi scoil a dtuarascálacha deiridh Céim Suas isteach in Aibreán 2021. Léirigh foirne tionscadail na scoileanna tiomantas suntasach chun a gcás-staidéir Céim Suas a chur i gcrích, ag aithint go raibh tionchar dosheachanta ag Covid 19 ar a bpleananna do ghníomhartha Bhliain 2 agus don tuairisciú ar a bhfoghlaim. Sna cás-staidéir a tháirg na naoi scoil tá fianaise shaibhir atá sainiúil do na scoileanna maidir leis an gcaoi inar chuir siad feabhas ar an gcleachtas ina réimse roghnaithe de theagasc agus foghlaim, ag baint úsáid as an bpróiseas FMS. I ngach cás-staidéar Céim Suas tá cur síos tuairisciúil agus anailíseach ar ar tharla i scoil amháin, ag obair laistigh dá comhthéacs agus cúinsí uathúil féin. Ní thugann na tuarascálacha saintreoir maidir le cad ba chóir tarlú sna scoileanna uile.

Arna scríobh ag ball d'fhoireann cigirí Céim Suas, is é cuspóir na tuarascála seo léargas a thabhairt do raon léitheoirí ar aidhmeanna, próiseas, gníomhaíochtaí, agus torthaí Céim Suas ar fud na naoi scoil. Sa tuarascáil freisin déantar machnamh ar ábharthacht Céim Suas amach anseo do chóras oideachais na hÉireann.

Is dócha gur mó an spéis a bheidh an ceannairí scoile agus múinteoirí i gCaibidil 5: "Anailís chomparáideach ar an bpróiseas agus torthaí foghlama a dtugtar cur síos orthu sna naoi gcás-staidéar Céim Suas". Sa chaibidil sin féachtar ar chleachtais chomónta a bhí mar thréithe ag cuir chuige na naoi bhfoireann tionscadail i dtaca le comhar agus athmhachnamh; ar an gcaoi inar fhéach roinnt tionscadal le neartú a dhéanamh ar ghnéithe laistigh de phríomhscileanna sraithe sóisearaí a scoláirí, agus ar an gcaoi inar dhírigh roinnt tionscadal ar an bhforbairt ar chleachtais measúnaithe foirmithigh. Ina theannta sin, i gCaibidil 5 tugtar cur síos ar thionscadal a ghabh don fhorbairt ar churaclam agus ar an oideolaíocht. B'fhéidir gur mhaith le léitheoirí scoile scrúdú a dhéanamh ar roinn 6.1 dar teideal "Comhairle ó scoileanna Céim Suas chun tacú leis an gcéad timthriall eile de FMS."

Is dócha gur mó an spéis a bheidh ag gairmeoirí i réimse na forbartha gairmiúla do mhúinteoirí agus déantóirí beartais ábhartha i gCaibidlí 2, 3, 4, agus 6. Chuidigh Céim Suas go mór le réimsí amhail modhanna féideartha don todhchaí a aithint chun an foghlaim ghairmiúil a chur chun cinn laistigh de scoileanna agus tacú le múinteoirí gabháil don athchóiriú curaclaim, chomh maith le scrúdú a dhéanamh ar réimsí féideartha sa todhchaí don chéad timthriall eile de FMS (2022 – 2026).

Thuairiscigh múinteoirí, scoláirí agus ceannairí scoile a ghlac páirt go raibh Céim Suas ina eispéireas an-saibhir do na foirne scoile agus scoláirí a bhí páirteach, agus do na foirne teagaisc i gcoitinne a bhain tairbhe as comhroinnt an léargais i dtaca le hathrú curaclaim a leabú agus feabhas a chur ar thorthaí do scoláirí. Go bunúsach, thug Céim Suas ar mhúinteoirí a thuiscint gur próiseas an fhéinmheastóireacht scoile is féidir a úsáid chun tacú le hathrú curaclaim seachas breisiú ar leith ar theagasc, foghlaim, agus measúnú. Is dócha gurb é seo a leanas an t-achoimre is fearr ar an méid a tháinig amach as na tionscadail Céim Suas:

> "Thosaigh na múinteoirí i ndáiríre ar thuiscint a fháil ar an mbunús atá le hathchóiriú ar an tSraith Shóisearach trí chomhoibriú thar ábhair. D'fhéach siad ar athchóirí sa tSraith Shóisearach níos mó ná athrú i modhanna teagaisc, athrú sa chur chuige i dtaca leis an measúnú, ach é a bheith ag baint le scileanna srl. Chonaic siad mar a shníomhtar gach rud le chéile agus mar a nasctar FMS le hathchóiriú sa tSraith Shóisearach a nasctar le tionscnaimh litearthachta agus uimhearthachta. Chonaic siad an pictiúr mór." [5]

[5] Freagróir i suirbhé ar chomhairleoirí SSM agus cigirí, Feabhra 2021. Féach caibidil 4 do bhreis sonraí faoi seo.

# 2. Cérbh é an tionscadal Ciste Barr Feabhais Scoileanna - Céim Suas?

## 2.1 An Ciste Barr Feabhais Scoileanna (CBFS)

Ag eascairt as an bPlean Gníomhaíochta 2016 – 2019 don Roinn Oideachais agus Scileanna, bunaíodh an Ciste Barr Feabhais Scoileanna (CBFS) le cur ar chumas scoileanna páirt a ghlacadh i gcláir nuálaíocha a bhainfeadh go sonrach le comhthéacs agus a bheadh dírithe ar fheabhas a chur ar thorthaí foghlama do dhaoine óga.

Amhail 2021, tá sé shnáithe éagsúla den tionscadail CBFS i bhfeidhm, Céim Suas san áireamh. Is iad seo a leanas na cúig shnáithe eile:

CBFS – Cruthaitheach  CBFS – Gaeltacht
CBFS – DEIS  CBFS – Digiteach
CBFS – Eolaíocht, Teicneolaíocht, Innealtóireacht agus Matamaitic (ETIM)

Is féidir foinse úsáideach ina dtugtar cur síos ar na haidhmeanna atá leis na sé shnáithe tionscadail CBFS a fháil sa Phreasráiteas seo a leanas “Schools funded to work together on Experimental Projects, . . . rewards Excellence and Innovation” (a foilsíodh de chéad uair an 2 Aibreán 2018 agus a nuashonraíodh an 1 Deireadh Fómhair 2019). Féach https://www.gov.ie/en/press-release/273a4b-schools-funded-to-work-together-on-experimental-projects-as-minister/?referrer=http://www.education.ie/en/Press-Events/Press-Releases/2018-press-releases/PR2018-04-02.html

## 2.2 Aidhmeanna Sonracha an tionscadail Céim Suas

Ba é aidhm uileghabhálach an tionscadail Céim Suas tacú le hiar-bhunscoileanna a rinne féinmheasúnú go raibh siad réidh le bogadh chuig leibhéal níos éifeachtaí den fhorfheidhmiú ar an *Creat don tSraith Shóisearach (2015),* d’fhonn feabhas a chur ar thorthaí foghlama do dhaoine óga. Bhí ar scoileanna a bhí ag glacadh páirt sa tionscadal cur chuige FMS a ghlacadh san athbhreithniú ar a bhforfheidhmiú ar an *Creat don tSraith Shóisearach (2015)* i gceann amháin nó níos mó de na réimsí ábhair sainiúla: Béarla, Staidéar Gnó agus Eolaíocht. Spreagadh na scoileanna ansin le réimsí a aithint don fheabhsú agus tugadh tacaíocht dóibh gníomhartha a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm as a dtiocfadh feabhsú ar fud a réimsí roghnaithe. Ag an deireadh, bhí an méid a bhí foghlamtha ó thionscadail na scoileanna aonair agus ó thorthaí an tionscadail ina iomláine le scaipeadh ar na scoileanna ar fad trí fhoilsiú gréasáin ar chás-staidéir rathúla agus ábhair eile a bhain le Céim Suas.

## 2.3 Cén fáth ar tugadh Céim Suas isteach?

Ba é an Béarla an chéad sonrúchán nua don tsraith shóisearach a tugadh isteach do lucht na chéad bhliana i Meán Fómhair 2014, a leanúint ag sonrúcháin nua sa Staidéar Gnó agus Eolaíocht i Meán Fómhair 2016. Tugadh isteach Gaeilge, Nuatheangacha Iasachta agus Amharc-Ealaín i Meán Fómhair 2017 agus tháinig sonrúcháin nua don Mhatamaitic, Eacnamaíocht Bhaile, Stair, Ceol agus Tíreolaíocht i Meán Fómhair 2018. Sa bhliain 2019 bhí an chéim deiridh de thabhairt isteach na sonrúchán nua leis na hábhair teicneolaíochta, Oideachas Reiligiúnach, Staidéar Giúdach agus na Clasaicí.

Seoladh Céim Suas i Meitheamh na bliana 2018, nuair a lorgaíodh iarratais ar scoileanna le páirt a ghlacadh. Cé go raibh Meitheamh 2018 réasúnta luath sa tabhairt isteach céimnithe de shonrúcháin nua ábhair, faoin am sin bhí taithí shuntasach ag scoileanna ar an *Creat don tSraith Shóisearach (2015)* a chur i bhfeidhm trí na sonrúcháin ábhair don Bhéarla, Staidéar Gnó agus Eolaíocht. Theastaigh ón tionscadal Céim Suas an deis a thabhairt do scoileanna athmhachnamh a dhéanamh ar cháilíocht a bhforfheidhmiú ar an *Creat don tSraith Shóisearach (2015)* i dtaca leis na trí ábhar ar leith sin, agus a aithint conas a d'fhéadfaí an cháilíocht sin a ardú go leibhéal níos airde. Bhíothas ag súil leis go bhfeidhmeodh na trí réimse ábhair mar cheannairí agus go rachaidís i gcion ar na réimsí ábhair eile go léir laistigh den scoil agus go gcuirfeadh an tionscadal tacaíocht leanúnach ar fáil trasna churaclam scoile d'fhorfheidhmiú níos éifeachtaí ar an *Creat don tSraith Shóisearach (2015)*.

## 2.4 Próiseas Roghnúcháin

Roghnaíodh naoi scoile as na hiarratais a fuarthas. Roghnaigh ionadaithe ón tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí (SSM) agus an Roinn Oideachais agus Scileanna na scoileanna, bunaithe ar chritéir roghnúcháin a aontaíodh. Ba iad seo na scoileanna a roghnaíodh

- Coláiste Pobail Bhuiríos Uí Chéin, Co. Thiobraid Árann
- Coláiste Pobail Chaisleán Cnucha, Baile Átha Cliath 15
- Coláiste Chaladh an Treoigh, Co. Luimnigh
- Coláiste Muire, Inis, Co. an Chláir
- Coláiste Naomh Bricín, Béal Tairbirt, Co. an Chabháin
- Pobalscoil Naomh Colmcille, Cnoc Lín, Baile Átha Cliath 16
- Coláiste Naomh Columba, Sraith an Urláir, Co. Dhún na nGall
- Meánscoil Lughaidh Naofa, Dún Dealgan, Co. Lú
- Coláiste Stratford, Ráth Garbh, Baile Átha Cliath 6

## 2.5 Cé a bhí páirteach?

Bhí an tionscadal á stiúradh ag foireann de thriúr: an Príomh-Chigire Cúnta, Leas-Stiúrthóir SSM (Ábhair), agus comhordaitheoir Céim Suas in SSM. Ainmníodh triúr cigirí caidrimh le speisialtóireachtaí ábhair sa Bhéarla, Staidéar Gnó, agus Eolaíocht le hobair leis na scoileanna tionscadail i gcomhar le cúigear speisialtóirí ábhair ó SSM.

Ba iad na príomhrannpháirtithe sa tionscadal na múinteoirí agus ceannairí scoile ó na scoileanna tionscadail. Ba é an ról a leagadh síos do SSM tacaíocht forbartha gairmiúla thiomanta a sholáthar do na foirne Céim Suas sna scoileanna tionscadail. Ba é ról na Cigireachta comhairle ghairmiúil a sholáthar agus cuidiú le comhordú agus forfheidhmiú an tionscadail.

## 2.6 Na cuspóirí sonracha a d'fhéach an Tionscadal Céim Suas le baint amach

Sa doiciméad togra inmheánach a faomhadh le haghaidh maoinithe ag an Roinn dúradh go mbeadh rath ar an tionscadal Céim Suas dá mba rud é, ag deireadh tréimhse trí mbliana, go mbeadh na nithe seo a leanas bainte amach

- Bhí na scoileanna rannpháirteacha le feabhsúcháin intomhaiste a léiriú i dtorthaí foghlama na scoláirí, ag baint úsáid as raon d'uirlisí measúnaithe cuí
- Bhí na scoileanna rannpháirteacha le feabhsúcháin intomhaiste a léiriú i bpríomhthéamaí amhail cuir chuige nó cleachtais nuálaíocha a fhorbairt i dtaca le
    - torthaí na bhfoghlaimeoirí
    - eispéiris na bhfoghlaimeoirí
    - cleachtas aonair na múinteoirí
    - cleachtas comhchoiteann na múinteoirí
    - comhar gairmiúil idir scoileanna
    - naisc le gníomhaireachtaí seachtracha
- Bhí comhar múinteoirí, lena n-áirítear piarfhoghlaim agus athbhreithniú, le leabú i gcleachtas na scoileanna rannpháirteacha
- Rinneadh nuálaíochtaí oideolaíochta agus gairmiúla a bhain leis an bhforfheidhmiú ar an *Creat don tSraith Shóisearach* (2015) a aithint agus a roinnt le ranna ábhair eile sa scoil
- Bhí tuairisc le tabhairt ar an aistear foghlama ag gach scoil, le scaipeadh go poiblí, ar an gcoinníoll nár chóir go mbreathnófaí ar na haistir aonair sin mar threoir maidir le cad ba chóir tarlúint i ngach scoil

## 2.7 Riachtanais tionscadail do na scoileanna

Mar chuid dá n-iarratais, iarradh ar na scoileanna tiomantas a thabhairt chun na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- Fócas foriomlán a aithint don tionscadal beartaithe ag baint úsáid as an gcreat cáilíochta in *Ag Breathnú ar an Scoil Againne 2016: Creat Cáilíochta d'Iar-Bhunscoileanna*
- Anailís chríochnúil a dhéanamh ar na sonraí, eolas agus fianaise ar fad ar fáil i dtaca leis an réimse fócais
- Tacaíocht agus cúnamh ó ghníomhaireachtaí seachtracha, gnólachtaí nó institiúidí acadúla, mar a bhí cuí agus ábhartha, a chur san áireamh sa dearadh ar chuir chuige nuálaíocha chun feabhas a chur ar eispéiris agus torthaí foghlama
- Scoláirí a bheith san áireamh ón tús agus fianaise a bhailiú maidir leis na torthaí a bhí ar a rannpháirtíocht ar a bhfoghlaim san iomlán
- Láidreachtaí agus réimsí feabhsúcháin a aithint trí anailís ar shonraí bonnlíne
- Fócas soiléir agus treo soiléir a bhunú dá dtionscadal
- Plean feabhsúcháin a fhorbairt chun aghaidh a thabhairt ar na réimsí riachtanais le díriú orthu
- Caidreamh leis an tseirbhís tacaíochta SSM agus leis an gCigireacht chun plean gníomhaíochta na scoile a chur i bhfeidhm
- Monatóireacht agus athbhreithniú ar an dul chun cinn go rialta
- Páirt a ghlacadh in seimineáir/comhdhálacha ar bith a eagraíodh go lárnach a bhain leis an tionscadal Céim Suas
- A dtionscadail a dhoiciméadú chun tacú leis an rannpháirtíocht ag scoileanna eile sa dea-chleachtas

## 2.8 Maoiniú

Thug an Ciste Barr Feabhais Scoileanna an tacaíocht maoinithe seo a leanas do na scoileanna tionscadail:

- Ionadaíocht le freastal ag múinteoirí ag seimineáir/comhdhálacha ar bith a eagraíodh go lárnach a bhain leis an tionscadal,
- Leithdháileadh bliantúil d'uaireanta do mhaoirsiú agus clúdach ionadaíochta chun cuidiú le cruinnithe ionscoile a eagrú le tionscadail a chur chun cinn.

Níor cuireadh maoiniú breise ar bith ar fáil do na scoileanna agus níor cuireadh maoiniú breise ar bith ar fáil do SSM nó don Chigireacht. Cuireadh tacaíocht forbartha gairmiúla thiomanta ar fáil ó acmhainní foriomlána SSM. Leithdháileadh líon beag de laethanta oibre in aghaidh na bliana ar chigirí caidrimh do ghníomhaíochtaí Céim Suas.

## 2.9 Mar a raibh meastóireacht le déanamh ar an dul chun cinn

Ó bunaíodh é, bhí an mheastóireacht san áireamh i ndearadh Céim Suas. Rinneadh meastóireacht ar na seimineáir go léir lasmuigh den scoil agus na seimineáir gréasáin ar líne, le cur san áireamh sa dearadh ar eispéiris foghlama ghairmiúla ina dhiaidh sin.

Rinne na scoileanna níos mó ná díreach a dtograí tosaigh tionscadail a chur i bhfeidhm ó 2018 – 2021. Bhí feidhm tacaíochta agus feidhm meastóireachta freisin ag cuairteanna ionscoile, inar éist comhairleoirí SSM agus cigirí leis na foirne scoile ag cur síos ar a ndul chun cinn, a ngnóthachtálacha agus a ndúshláin. I gcásanna áirithe, moladh d'fhoirne tionscadail athmhachnamh a dhéanamh ar a gcuir chuige, tuilleadh sonraí/aiseolais a bhailiú, d'fhonn treoir a thabhairt dóibh lena gcéad chéimeanna eile, nuair a cheap an cóitseálaí seachtrach go raibh tionscadal ag gluaiseacht i dtreo nach raibh ag teacht leis an riachtanas sainiúil scoile a bhí aitheanta mar phríomhspreagadh don tionscadal.

Rinneadh athbhreithniú foriomlán ar an dul chun cinn a rinneadh agus ar na dúshláin a bhí roimh na scoileanna aonair ag deireadh Bhliain 1, ag tarraingt ar na tograí tionscadail a sheol an scoil isteach athuair agus ar aiseolas ó na cigirí caidrimh agus comhairleoirí SSM ag obair le na scoileanna aonair sin. Thiomsaigh an Comhordaitheoir Céim Suas tuarascáil ag deireadh Bhliain 1, inar cuireadh an t-aiseolas seo le chéile, as ar tháinig an phleanáil ar ionchuir shonracha do Bhliain 2 chun aghaidh a thabhairt ar na riachtanais a aithníodh.

Sa bhundoiciméad togra Céim Suas, beartaíodh go bhfostófaí taighdeoir seachtrach chun meastóireacht agus tuairisciú a dhéanamh ar thorthaí an tionscadail. Mar thoradh ar phaindéim Covid 19, níorbh fhéidir taighdeoir seachtrach a fhostú chun bualadh le rannpháirtithe agus athbhreithniú a dhéanamh ar a ndul chun cinn. De rogha air sin, d'ullmhaigh ball d'fhoireann caidrimh na Cigireachta an tuarascáil tionscadail seo, ag gabháil do na gníomhaíochtaí seo a leanas:

- Athbhreithniú ar an mbundoiciméad togra inmheánach do Céim Suas, chun achoimre a dhéanamh ar fhís, scóip agus samhail na tacaíochta a samhlaíodh do Céim Suas (príomhfhoinse na sonraí don chaibidil seo)
- Athbhreithniú ar na hábhair foghlama go léir a bhain le seimineáir, seimineáir gréasáin agus an leis an gcomhdháil a chomheagraigh SSM/CNCM "Ag Tacú le hAthrú Inbhuanaithe i Scoileanna" i mBealtaine 2019, sa chaoi is go bhféadfaí sintéis théamach a thiomsú ar an dá leibhéal tacaíocht a chuir Céim Suas ar fáil (féach caibidil 3)
- Anailísí agus athmhachnamh ar na cás-staidéir deiridh a chuir na scoileanna isteach in Aibreán 2021 i dtaca lena chéile, ag aithint téamaí agus cuir chuige choiteanna (féach Caibidil 5)
- Chun tagarmharcáil a dhéanamh ar na torthaí a thuairiscigh na scoileanna ina gcás-staidéir aonair, rinneadh suirbhé cáilíochtúil ar chomhairleoirí SSM agus

cigirí a bhí páirteach i Céim Suas (2018 – 2021) a ullmhú, a scaipeadh agus a anailísiú freisin. Cuirtear an léargas a tháinig as ceisteanna téacs le boscaí oscailte le chéile i gCaibidil 4, mar fhoinse eile eolais faoi thorthaí an tionscadail.

Scaipeadh dréachtchaibidlí ar na bainisteoirí SSM agus Cigireachta a raibh nasc acu leis an tionscadal, agus ar roinnt comhairleoirí SSM agus cigirí a ghlac páirt sa tionscadal, agus bailíodh aiseolas agus lorgaíodh eagarthóireacht/breisithe, agus rinneadh athruithe le linn an phróisis scríbhneoireachta.

## 2.10 Mar a chuaigh Covid 19 i gcion ar amlíne an tionscadail

Dearadh Céim Suas mar thionscadal dhá bhliain. Bhí Bliain 1 beartaithe don bhliain acadúil 2018-19, agus bhí Bliain 2 beartaithe do bhliain acadúil 2019-20, le tuarascálacha deiridh le foilsiú i nDeireadh Fómhair 2020. I ndáiríre, tharla Bliain 1 le linn na bliana acadúla 2018 – 19 agus mhair Bliain 2 feadh na tréimhse 2019 – 21, nuair ba ghá sos a chur le Céim Suas ar feadh tréimhsí suntasach mar thoradh ar Covid 19.

Bhí na scoileanna dúnta go fisiciúil ón 13 Márta - 31 Bealtaine 2020 mar thoradh ar riachtanais Covid 19 i dtaca le riachtanais sláinte poiblí. Ag aithint gur ghá tosaíocht a thabhairt don teagasc agus foghlaim ó chian, níor eagraíodh cruinnithe fíorúla ar bith do Céim Suas i rith na tréimhse seo.

Ó Mheán Fómhair go Mí na Nollag 2020, tugadh tús áite don atosú sábháilte ar an scolaíocht agus leanúnachas an teagaisc agus na foghlama. Dá bhrí sin, níor eagraíodh cruinnithe fisiciúla nó fíorúla Céim Suas ar bith. Ina ionad sin, spreagadh na scoileanna tionscadail le gníomhaíochtaí Céim Suas a raibh orthu a chur ar athló ón earrach a chur i bhfeidhm, dá mba rud é go bhféadfaí iad a dhéanamh i gcomhréir le treoirlínte sláinte poiblí. Ina theannta sin, leanadh ar aghaidh leis an taifeadadh ar roinnt agallamh scannánaithe le múinteoirí, ceannairí scoile, agus scoláirí i roinnt scoileanna (féach Caibidil 3 do bhreis sonraí faoi seo).

Ó Eanáir luath go dtí an 1 Márta 2021, ba ghá teagasc agus foghlaim a aistriú chuig soláthar ó chian arís. Ón 1 Márta ar aghaidh, d'fhill bliainghrúpaí ar iar-bhunscoileanna ar bhonn céimnithe. Iarradh ar scoileanna tionscadail Céim Suas a gcás-staidéir a chur isteach faoi dheireadh mhí Aibreáin 2021, a féachaint lena bhfoilsiú i bhFómhar na bliana 2021.

# 3. Samhail tacaíochta Céim Suas

## 3.1 Cúlra

Bhí an tacar gníomhaíochtaí trínar stiúradh na Scoileanna Céim Suas i rith an tionscadail bunaithe ar chumarsáid leanúnach idir foireann Céim Suas de chigirí caidrimh agus comhairleoirí SSM. Tháinig an grúpa le chéile i Meitheamh na bliana 2018 chun scrúdú a dhéanamh ar phríomhphrionsabail Céim Suas agus chun pleanáil do chéim tosaigh an tionscadail. Tionóladh cruinniú ina dhiaidh sin i mí Lúnasa 2018 chun breithniú a dhéanamh ar na naoi n-iarratas rathúil agus chun samhlacha tacaíochta a aontú do na scoileanna.

Toisc gurb iad an triúr cigirí a ceapadh le Céim Suas na cigirí caidrimh a bhí ainmnithe cheana d'ábhair nua na Sraithe Sóisearaí, Béarla, Staidéar Gnó agus Eolaíocht, bhí aithne acu cheana ar cheannairí na bhfoirne speisialtóirí ábhair SSM ábhartha. Do thionscadal nua, bá láidreacht mhór na caidrimh réamhbhunaithe seo. Ach tharla athrú ar roinnt de bhaill foirne SSM agus Cigireachta ag deireadh Bhliain 1.

Rinne an Comhordaitheoir Céim Suas, i gcomhar le foireann chomhairleach níos leithne SSM agus na Cigireachta, trí sheimineár in aghaidh na bliana a phleanáil agus a chur ar fáil, inar bailíodh na Scoileanna Céim Suas le chéile. Chuir na laethanta seimineáir ar chumas na bhfoirne tionscadail Céim Suas am a ghlacadh amach ón scoil, gabháil don fhoghlaim ghairmiúil nua chomh maith le pleanáil chun cinn do thionscadail scoile, athbhreithniú lár bliana, agus meastóireacht dheireadh na bliana agus pleanáil leantach.

Beartaíodh go mbeadh cuairt amháin sa bhliain chuig gach scoil tionscadail ag an gcigire sannta agus comhairleoir SSM, le tacaíocht ghairmiúil leanúnach ó SSM. Thuairiscigh na múinteoirí go raibh luach acu ar an deis lena bhfoghlaim go dtí sin a chomhroinnt, soiléiriú a fháil agus comhairle a lorg i dtaca le dúshláin aitheanta ar bith agus aontú ina measc féin maidir le conas a dtionscnaimh a chur chun cinn. Bhí cuairteanna comhairleacha an-úsáideach chun an dea-chleachtas a bhí ag tarlú a dhearbhú.

## 3.2 An bonn le Céim Suas

Dearadh an tacar de ghníomhaíochtaí Céim Suas le dhá leibhéal idirnasctha de thacaíocht a sholáthar:

- Ionchuir shaincheaptha foghlama gairmiúla do mhúinteoirí i réimsí an chleachtais athmhachnamhaigh, gníomhú múinteoirí, comhar, ceannaireacht ar athrú, agus "do scéal a insint"

- Tacaí a lorg scoileanna aonair i dtaca le gnéithe ar leith den *Creat don tSraith Shóisearach (2015)* a bhain le teagasc, foghlaim, measúnú agus/nó tuairisciú chomh maith le hiarratais ó am go ham ar chomhairle i dtaca le bainistiú tionscadail

Go bunúsach, mheasc an dá leibhéal seo tacaíocht réamhghníomhach (réamhstruchtúrtha) agus tacaíocht fhrithghníomhach, á tairiscint bunaithe ar na riachtanais a chuir foirne tionscadail aonair in iúl.

Dúirt iarchomhairleoir SSM "D'fhreastal na gnéithe éagsúla go léir ar chuspóirí éagsúla. Ceapaim go mbeadh an tionscadal i bhfad níos laige agus d'fhéadfadh go dteipfeadh air dá mba rud é nach raibh aon phíosa i láthair*."* [6]

## 3.3 Cleachtadh athmhachnamhach

Dhírigh Bliain 1 ar an gcleachtas athmhachnamhach a fhorbairt i measc na bhfoirne tionscadail Céim Suas. Áiríodh gníomhaíochtaí a d'iarr ar na rannpháirtithe gabháil don athmhachnamh follasach comhoibríoch ar dhúshláin agus dul chun cinn a dtionscadal sna laethanta seimineáir go léir agus cuireadh sraith de sheimineáir gréasáin maidir le samhlacha athmhachnaimh ar fáil do na Scoileanna Céim Suas. Treoraíodh na rannpháirtithe chun athmhachnamh a dhéanamh, ní hamháin i ndiaidh gníomhaíochta, ach freisin chun "athmhachnamh a dhéanamh ar an bpointe, anois díreach, agus cuirtear torthaí a n-athmhachnamh i gcleachtadh láithreach in idirghníomh leanúnach agus tobann idir smaointeoireacht agus déanamh, ina ndéantar smaointe a chruthú, a thátail agus a leasú" (Rolfe, 2014).[7]

Cuireadh gníomhaíochtaí foghlama gníomhaí san áireamh i laethanta seimineáir, a d'iarr ar mhúinteoirí ó na scoileanna éagsúla gabháil do thionscadail a chéile, ag spreagadh athmhachnaimh ar an bhfoghlaim a bhí á fháil ag piaraí. Chruthaigh an comhordaitheoir Céim Suas leabhráin "log foghlama" freisin chun tacú leis na laethanta seimineáir go léir, ag cur san áireamh príomhfhriotail ón teoiric ábhartha le spás do na rannpháirtithe a dtuairimí agus a léargas féin a chlárú, ag tacú leis an athmhachnamh leanúnach. Ina theannta sin, cuireadh seimineár gréasáin a thug cur síos ar cheithre

---

[6] Suirbhé ar chomhairleoirí SSM agus cigirí, Feabhra 2021. Féach caibidil 5 do bhreis sonraí faoi seo.

[7] Cuirtear an cur chuige turgnamhach "déanamh" seo i leith an athmhachnaimh chun tosaigh ag teoiriceoirí ag leanúint ar aghaidh ó dhearcadh John Dewey, lena n-áirítear Carl Rogers, Paulo Freire, agus Donald Schön.

lionsa Brookfield chun tacú le cleachtas athmhachnamhach criticiúil ar fáil do rannpháirtithe i mBliain 1 (1998).[8]

Tacaíonn Bliain 2 le múinteoirí treoraithe athmhachnamh a dhéanamh ar gnéithe sonracha dá dtionscadail:

- an nasc idir fócas an tionscadail, torthaí a bhí de dhíth, agus na réimsí agus fearainn shonracha ó *Ag Breathnú ar an Scoil Againne* a raibh na scoileanna ag iarraidh a chur i bhfeidhm níos éifeachtaí
- a mhéid a raibh rannpháirtíocht, eispéiris foghlama agus torthaí na scoláirí á bhfeabhsú ag na tionscadail
- a mhéid thug an fhianaise a bailíodh i mBliain 1 le fios go raibh cleachtas níos éifeachtaí ann.

## 3.4 Gníomhú múinteoirí

Gné thábhachtach de Céim Suas ab ea deiseanna a chruthú agus tacaíocht a sholáthar do mhúinteoirí a ndul chun cinn a chur i láthair chuig a bpiaraí Céim Suas, chuig a bhfoirne scoile, agus chuig comhdháil náisiúnta, agus ar an gcaoi sin neart a chur lena mothúchán aonair agus comhchoiteann de ghníomhú gairmiúil.

An 17 Bealtaine 2019, eagraíodh comhdháil CNCM/SSM dar teideal “Tacú le hAthrú Inbhuanaithe i Scoileanna.” Thug an chomhdháil deis do scoileanna a dtaithí ar an tionscadal Céim Suas suas go dtí an pointe sin (deireadh Bhliain 1) a chomhroinnt. D’fhreastal baill ó NAPD, ETBI, ACCS, JMB, Le Chéile/Educate Together, an Chomhairle Mhúinteoireachta, CNCM, SSM, an Chigireacht, CSL, ionadaithe ceardchumainn, seirbhísí tacaíochta eile agus sampla ionadaíoch de cheannairí scoile agus comhpháirtithe oideachais ar an gcomhdháil.

Thosaigh an clár don lá le cleachtadh “geandáil ghasta” Céim Suas. Bhí beirt ionadaithe ó gach scoil Céim Suas ina suí ag boird éagsúla, le lucht freastail ó eagraíochtaí sannta le suí leo. Rinne na hurlabhraithe Céim Suas achoimre ar fhócas, bunús, gníomhaíochtaí agus an phríomhfhoghlaim a bhain a dtionscadal scoile amach faoi dheireadh Bhliain 1. Ansin bhí am ag an lucht freastail ceisteanna a chur. Cuireadh an lucht freastail thart ar na boird eile laistigh de fhráma ama socraithe, le foghlaim ó na naoi dtionscadal Céim Suas. Bhí plé le painéal san áireamh i gclár na comhdhála roimh lóin freisin, ina raibh ionadaithe ó na scoileanna éagsúla ag plé príomhbhealaí oibre, dúshláin agus rath.

[8] Is iad na ceithre lionsa comhlántacha an lionsa de bheathaisnéis an duine féin mar fhoghlaimeoirí de chleachtas athmhachnamhach, lionsa súile na bhfoghlaimeoirí, lionsa dhearcthaí comhghleacaithe, agus lionsa na litríochta teoiriciúla, fealsúnachta agus taighde.

Bhí na codanna Céim Suas laistigh den chomhdháil “Tacú le hAthrú Inbhuanaithe i Scoileanna” ceaptha le dhá aidhm a bhaint amach. Ar an gcéad dul síos, bhí sé mar aidhm ag na gníomhaíochtaí dearbhú poiblí a fháil don dul chun cinn a bhí bainte amach ag na foirne i mBliain 1, chun an móiminteam a neartú do Bhliain 2. Ar an dara dul síos, samhlaíodh go dtabharfadh na scoileanna tionscadail roinnt pointí suimiúla athmhachnaimh leo, ó thuairimí/ceisteanna ón lucht freastail.

Tríú thacaíocht chun forbairt a dhéanamh ar mhothúchán an lucht freastail faoina ngníomhú mar fhoghlaimeoirí féinstiúrtha ab ea an léacht san iarnóin agus gníomhaíochtaí leantacha faoi stiúir speisialtóra i bhfoghlaim ghairmiúil múinteoirí, an Dr. Kathy Smith, Léachtóir Sinsearach in Ollscoil Monash san Astráil. Bhí ceann amháin de phríomhargóintí Smith ag teacht le dearadh na n-eispéireas Céim Suas: “Tá sé riachtanach don chleachtas feasach go spreagfar múinteoirí le haghaidh a thabhairt agus le cur síos a dhéanamh ar na dúshláin nó na saincheisteanna a éiríonn gach lá ina dteagasc. Cuireann foghlaim dá leithéid ar chumas na múinteoirí a fheiscint nach léiriú iad saincheisteanna agus fadhbanna ar easnamhacht nó easpa ratha mar mhúinteoir ach, mar a mhínigh (Dewey, 1933), an gníomh ina n-aithnítear gur minic a bhíonn fadhbanna le teagasc agus go bunúsach an chéad chéim chun an teagasc a fhorbairt agus a fheabhsú (Smith, 2017).[9]

## 3.5 Comhar

D’aon ghnó, sna seimineáir Céim Suas rinneadh eispéiris foghlama ghníomhacha chomhoibríocha a chomhtháthú. Ar na laethanta sin, cuireadh ceannairí scoile, múinteoirí, cigirí, agus comhairleoirí SSM i ngrúpaí tras-eagraíochta, ag cuidiú le caidrimh, muinín agus comhar a fhorbairt i measc na ndaoine uile a bhí páirteach le Céim Suas.

Mhínigh an chéad chomhordaitheoir Céim Suas go raibh an litríocht maidir le “foirne deartha múinteoirí” ina príomhfhoinse dá smaointe nuair a bhí gníomhaíochtaí comhoibríocha á ndearadh aici do Bhliain 1 do na Scoileanna Céim Suas”. Tugtar léargas gonta ar na gnéithe de na “foirne deartha múinteoirí” anseo thíos.

Tugtar sainmhíniú ar fhoireann deartha múinteoirí (TDT) mar “ghrúpa de mhúinteoirí, den ábhar céanna nó ábhair chóngaracha, a dhéanann comhoibriú ar bhonn rialta ar dhearadh a gcuraclaim chomónta” (Handelzalts, 2009). Maíonn Handelzalts, Nieveen, agus Van den Akker (2019) go bhfuil comhar múinteoirí riachtanach “chun an bhearna a

[9] Féach mar a thagann an phríomhargóint seo ó Dr. Smith chun cinn i Céim Suas, mar a léirítear i Roinn 5.1.

dhruidim idir obair na múinteoirí aonair (laistigh dá n-ábhair agus seomraí ranga féin) agus mianta scoile uile. Leagann Handelzalts et al béim freisin ar an gcaoi ina dtacaíonn TDTanna le gá na múinteoirí le “ról níos láidre a ghlacadh i bhforbairt curaclaim, ag cinneadh faoina roghanna curaclaim féin, d’fhonn réitigh a bhaint amach atá sonrach don chomhthéacs, ina bhfuil úinéireacht agus tiomantas ar leibhéal na scoile i gceist, le “tionchar domhain ar fhoghlaim na scoláirí.”[10]

Tá neart de na gnéithe a comhtháthaíodh go follasach sa tacar tacaí Céim Suas ag teacht leis na tátail i dtaca le TDTanna:

- Foirne múinteoirí a chruthú ó réimsí ábhair éagsúla
- An t-imscrúdú a phleanáil do thréimhse ama leathnaithe, chun a dhóthain ama a thabhairt do na múinteoirí chun spriocanna a thuiscint agus a ailíniú
- Am a imfhálú do mhúinteoirí chun tuairimí agus iarmhairtí a phlé agus bealaí a aimsiú le teacht ar chomhaontú
- Cumarsáid leanúnach neamhfhoirmiúil agus foirmiúil a chinntiú (lena n-áirítear doiciméadú teoranta) faoin bpróiseas foghlama chomh maith le réamhthorthaí agus torthaí deiridh
- Roghnaíocht a chothú i dtaca le haidhmeanna na nuálaíochta atá sonrach don scoil
- É a aithint go bhféadfaidh foirne le líon níos mó rannpháirtithe dúshláin níos mó a bheith acu le próiseas ghrúpa
- Fócas an tionscadail a nascadh le riachtanais agus mianta na múinteoirí i dtaca le prionsabail agus cleachtais nua curaclaim
- Tacú leis na foirne múinteoirí trí fhorfheidhmiú bhainistíocht na scoile ar shocruithe solúbtha chun tacú le cumarsáid leanúnach agus cruinnithe na mball foirne
- Na foirne múinteoirí a nascadh le cóitseálaithe seachtracha ag oibriú le sainchúraim atá sainithe go soiléir. Láidreacht shonrach sa tionscadal Céim Suas ab ea an nascadh de gach scoil Éireannach le beirt chóitseálaí (cigire agus comhairleoir SSM), a thugann saineolas gairmiúil éagsúil chuig an bhfoireann múinteoirí
- Cuspóirí tionscadail a chomhtháthú le cleachtais laethúla i dtaca le teagasc, foghlaim agus measúnú
- Scileanna don athmhachnamh agus obair le chéile a fhorbairt i measc na bhfoirne múinteoirí chun comhar múinteoirí éifeachtach a neartú
- Ócáidí a phleanáil ina dtugtar cuireadh d’fhoirne a gcuid oibre a chur i láthair dá bpiaraí – feidhmíonn siad seo mar “chatalaígh d’fhorbairt foirne”
- Cleachtas na gcomhghleacaithe go léir sa scoil a shaibhriú trí iarrachtaí na bhfoirne múinteoirí a ionchur san fhorbairt scoile uile.

[10] Féach an t-alt seo ar https://link.springer.com/book/10.1007/978-3-030-20062-6?page=2#toc.

Leis an athbhreithniú gonta seo ar TDTanna tugtar treise don argóint go raibh an próiseas trínar cuireadh Scoileanna Céim Suas ina phróiseas bailí, inar comhtháthaíodh "forbairt curaclaim, forbairt múinteoirí, agus forbairt eagraíochta scoile" (Handelzalts, Nieveen agus Van den Akker, 2019).

## 3.6 Ceannaireacht agus coimeád athraithe

Rinneadh tascanna sonracha athmhachnaimh a leabú i laethanta seimineáir Bhliain 2 chun treisiú a chur le feasacht agus straitéisí na múinteoirí agus na gceannairí scoile i dtaca leis an gceannaireacht ar athrú fadtéarma ina scoileanna.

Ag an seimineár Céim Suas an 17 Deireadh Fómhair 2019, tugadh athfhriotail do ghrúpaí le hathmhachnamh a dhéanamh orthu, i dtaca le pobail foghlama ghairmiúla éifeachtacha ón taighde oideachasúil.[11] Iarradh orthu breithniú ar a mhéid a raibh roinnt de na hocht dtréith de phobail foghlama gairmiúla éifeachtacha, nó iad go léir, le sonrú ina dtionscadail Céim Suas. Ceist thábhachtach le plé ab ea "Conas a d'fhéadfadh d'fhoireann Céim Suas a chinntiú go mairfidh na hathruithe oideolaíochta a bhfuil sibhse ag gabháil dóibh in bhur scoil i ndiaidh don tionscadal Céim Suas críochnú?" Mar an gcéanna, le linn an tseimineáir Céim Suas i bhFeabhra 2020, iarradh ar ghrúpaí a phlé conas a ndéanfaidís an fhoghlaim agus rath a dtionscadal a chomhroinnt, agus tacaí a chur ar bun nó a lorg lena chinntiú go mbeadh tionchar leanúnach agus fadtéarma ag a bhfoghlaim ina scoileanna.

Táthar ag súil go mbeidh na struchtúir éagsúla a d'fhorbair na foirne scoile chun cumarsáid a dhéanamh lena chéile agus an úsáid a bhaineann siad as teicneolaíochtaí foghlama digiteach chun tacú le comhroinnt acmhainní, athmhachnamh, agus tuairisciú ar an dul chun cinn don phobal scoile i gcoitinne, ina dtacaí tábhachtacha le ceannaireacht agus coimeád an athraithe ina scoileanna sa todhchaí.

## 3.7 Do scéal Céim Suas a insint

Mar a tugadh le fios ar an bhfoirm iarratais do Céim Suas, bhíothas ag súil go dtáirgeodh na naoi scoil cás-staidéir ar a scéalta, le scaipeadh go poiblí trí fhoilsiú ar an

[11] Féach léaráid 6.1 "Provisional Model of a School Operating as an Effective Professional Learning Community" i *Creating and Sustaining Effective Professional Learning Communities* ar fáil ag https://dera.ioe.ac.uk/5622/1/RR637.pdf.

ngréasán. Bhí na cás-staidéir le cur síos a thabhairt ar an aistear foghlama a bhí ag gach scoil, seachas a rá cad ba chóir tarlúint sna scoileanna go léir.

Chun cuidiú leis na scoileanna a dtuarascálacha deiridh a phleanáil, chruthaigh an comhordaitheoir Céim Suas meabhairmhapa “Ár Scéal”. Chomh maith leis sin, cuireadh teimpléad molta ar fáil do na scoileanna ina raibh ceannteidil do na cás-staidéir. Spreagadh na scoileanna le guthanna na múinteoirí agus na scoláirí a chur san áireamh ina gcás-staidéir. D’fhonn a chinntiú go ngabhfaí agallaimh le leabú sna cás-staidéir, thug SSM an rogha do na scoileanna lá amháin de scannánaíocht ghairmiúil a bheith ag gach scoil. Mar thoradh ar chúinsí comhthéacsúla, ghlac roinnt scoileanna leis an rogha seo ach ní iad ar fad.

## 3.8 Cuairteanna scoile ag cigirí agus comhairleoirí SSM

I mBlianta 1 agus 2 den tionscadal, fuair Scoileanna Céim Suas cuairt amháin ón gcigire caidrimh agus, de ghnáth, cuairt amháin ón gcomhairleoir SSM, le tacaíocht leanúnach ar r-phost agus fón ón gcomhairleoir SSM agus ón gcomhordaitheoir Céim Suas. Ba é cuspóir na gcuairteanna na scoileanna a choinneáil dírithe ar fheabhas a chur ar eispéiris foghlama agus torthaí sa tsraith shóisearach, ag baint úsáid as an bpróiseas FMS le sé chéim agus caighdeáin cáilíochta ghaolmhara. Bhí na cuairteanna ionscoile go léir déanta sular dúnadh na scoileanna ar an 13 Márta 2020 de bharr Covid-19.

I mbeagnach gach cás, níor oibrigh an grúpa múinteoirí Céim Suas i scoil le chéile ar thionscadal roimhe sin, mar sin ba ghá nósanna imeachta don obair le chéile go comhoibríoch a phlé go follasach chun próiseas oibre comónta a idirbheartú.

Leis an ullmhúchán do na cuairteanna seo ag foirne scoile agus ag an gcigire caidrimh nó an comhairleoir SSM, bunaíodh mion-spriocdháta le hathmhachnamh a dhéanamh ar an méid a bhí bainte amach go dtí sin, le dúshláin a bhí ann a aithint, agus leis an bplé a dhíriú ar an gcaoi le leanúint ar aghaidh.

I measc na straitéisí sonracha a d’úsáid cigirí agus comhairleoirí SSM le linn cuairteanna scoile chun cleachtas comhoibríoch na múinteoirí bhí:

- Cur chuige ceistiúcháin de chineál FMS a úsáid, ag iarraidh ar fhoirne scoile measúnú agus cumarsáid a dhéanamh faoina gcuid oibre trí na ceisteanna seo a chur orthu féin: Cad atá ag obair go maith? Conas is eol dúinn? Cad atáimid chun a dhéanamh chun é a dhéanamh níos fearr fós?
- Úsáid a bhaint as éisteacht ghníomhach, ceistiúchán dírithe, agus glacadh nótaí de fhreagraí na múinteoirí éagsúla. “Trí ghníomhú mar éascaitheoir don chruinniú, d’fhág sé nach raibh brú ar chomhordaitheoir na foirne scoile na ceisteanna go léir a fhreagairt agus go bhféadfaidís éisteacht agus

> athmhachnamh a dhéanamh. Rinne mé na nótaí ón seisiún a chlóscríobh agus chuir mé ar ais chuig an gcathaoirleach iad, chun cuidiú leis an tionscadal gluaiseacht ar aghaidh. Gabhadh buíochas liom as m'achoimre ar thuairimí mar dhuine seachtrach, a thacaigh le cinnteoireacht ag an bhfoireann i ndiaidh mo cuairte.*"*[12]

Nuair a bhí líon mór múinteoirí i gceist le foireann scoile Céim Suas, bhí ar an gcomhairleoir caidrimh, an cigire agus na múinteoirí níos mó fuinnimh agus aird níos mó a chaitheamh chun comhar fónta a fhorbairt. Teachtaireacht thábhachtach a tugadh do na foirne sin ab ea go nglacfadh an fhorbairt ar chórais éifeachtacha cumarsáide am agus gur ghnáthrud é sin. Trí ghlacadh leis go raibh sé seo ina chuid den phróiseas foghlama agus obair i dtreo comhair dá leithéid, bhí tairbhe fhadtéarma ann do na foirne tionscadail sin, dá gceannairí scoile, agus dá gcultúir scoile uile.

I ndiaidh cuairteanna ionscoile, bhí cigirí agus comhairleoirí SSM i gcaidreamh lena chéile agus leis an Comhordaitheoir Céim Suas SSM maidir le dul chun cinn sa tionscadal agus réimsí le hathbhreithniú. I roinnt cásanna, bhí tionchar ag aiseolas ó na cuairteanna "cara criticiúil" seo ar phleanáil ina dhiaidh sin do laethanta seimineáir nó do sheimineáir gréasáin.

## 3.9 Mar a chuidíonn Céim Suas le cleachtas FMS na hÉireann agus le rannpháirtíocht leanúnach na múinteoirí san athchóiriú curaclaim

I Roinn 2.4 de *Féinmheastóireacht Scoile – Treoirlínte: 2016-2020 (Iar-Bhunscoileanna)* dúradh "Sa tréimhse 2016-2020 beidh athrú suntasach curaclaim ar bun in iar-bhunscoileanna tríd an *Creat don tSraith Shóisearach (2015)*. Cuideoidh próiseas na féinmheastóireachta scoile le scoileanna gabháil don Creat ar bhealaí éagsúla. An rud is tábhachtaí, cuideoidh sé le scoileanna díriú ar chleachtas seomra ranga agus athmhachnamh a dhéanamh ar na hathruithe sa teagasc, foghlaim agus measúnú ag leibhéal an ábhair nó ag leibhéal na scoile uile atá riachtanach chun freastal ar riachtanais an Chreata, agus iad sin a thabhairt isteach."

In éineacht leis na *Treoirlínte FMS 2016–2020* agus *Ag Breathnú ar an Scoil Againne 2016: Creat Cáilíochta d'Iar-Bhunscoileanna*, chuir an Chigireacht sraith de nuachtlitreacha do Nuashonrú FMS ar fáil do scoileanna. Sna nuachtlitreacha sin ba mhinic a bhí samplaí a thug léiriú ar na bealaí ina bhféadfaí gné den teagasc, foghlaim

---

[12] Suirbhé ar chomhairleoirí SSM agus cigirí, Feabhra 2021. Féach caibidil 5 do bhreis sonraí faoi seo.

nó measúnú a bhain leis an *Creat don tSraith Shóisearach (2015)* a fheabhsú tríd an bpróiseas FMS le sé chéim.[13]

Leis na cás-staidéir Céim Suas cuirtear tríú taca ar fáil do scoileanna atá ag gabháil don athchóiriú curaclaim sa tsraith shóisearach, ag gabháil guthanna na rannpháirtithe chomh maith le cuir síos chaolchúiseacha ar fhíor-aistir foghlama thurgnamhacha a rinneadh go comhoibríoch ag na múinteoirí, scoláirí, agus ceannairí scoile. Dá mbaileofaí cás-staidéir FMS a tháirgeofaí mar thoradh ar thionscadail CBFS reatha agus sa todhchaí i ríomh-thaisclann lárnach a mbeadh rochtain phoiblí air, bheadh a leithéid ina thaca FMS dearfach agus gairmiúil do na múinteoirí agus ceannairí scoile go léir.

Tharla méid suntasach d'athchóiriú curaclaim in Éirinn le blianta beaga anuas, ar fud an chontanaim ó na luathbhlianta, tríd an oideachas bunscoile agus iar-bhunscoile, In earnáil na hiar-bhunscoile, rinneadh athbhreithniú ar athchóiriú na sraithe sinsearaí, ina raibh obair ilchéimeanna le grúpa de scoileanna i gcomhar agus obair comhairliúcháin phoiblí ilchéimeanna, mar a dtugtar síos air in https://ncca.ie/en/senior-cycle/senior-cycle-review/

I gCaibidil 4 de *Education in Ireland: An OECD Assessment of the Senior Cycle Review*, pléitear le ceist na gcoinníollacha fabhracha nach mór a chur ar bun le go mbeadh forfheidhmiú rathúil ann ar athchóiriú ar an tsraith shinsearach amach anseo (2020).[14] Dhá cheann de na sé phríomhchoinníollacha fabhracha a d'aithin an ECFE chun tacú leis an athrú ar an tsraith shinsearach is ea foghlaim ó thaithí na sraithe sinsearaí agus comhar na múinteoirí a neartú trí fhorbairt ghairmiúil bhreise agus líonraí scoile.

Le Céim Suas cuirtear samhail ar fáil chun comhar fónta agus éifeachtach a thionscnamh laistigh de scoileanna agus i measc scoileanna, ag cuidiú le húinéireacht na múinteoirí ar an athrú inbhuanaithe, agus ag déanamh tuilleadh forbartha ar choinníollacha fabhracha d'athchóiriú curaclaim sa todhchaí.

[13] Féach https://www.gov.ie/en/publication/436d9-school-self-evaluation-post-primary-2016-2021/#sse-2016-2021
[14] Féach https://www.oecd-ilibrary.org/education/education-in-ireland_636bc6c1-en

## 4. Tuairimí na gcomhairleoirí SSM agus na gcigirí faoi thorthaí Céim Suas

Rinneadh suirbhé cáilíochtúil ar chomhairleoirí SSM agus cigirí a bhí páirteach i Céim Suas a ullmhú agus a scaipeadh i bhFeabhra 2021, sular cuireadh isteach na cás-staidéir deiridh. Fuarthas naoi bhfreagra ar na ceisteanna a cuireadh le bosca téacs oscailte. Eagraítear an tráchtaireacht thíos chun ceannteidil na gceisteanna sa suirbhé a léiriú agus cláraítear ann na príomhthráchtaireachtaí a rinne na freagróirí. Téacs a thaispeántar le comharthaí athfhriotail thíos, is téacs é atá cóipeáilte go díreach ó na freagraí a tugadh sa suirbhé.

### 4.1 An riachtanas leanúnach le hathbhreithniú agus athscagadh a dhéanamh ar fhócas tionscadal

Agus athbhreithniú á dhéanamh ar na hiarratais do Céim Suas i mí Iúil 2018, luaigh croíghrúpa stiúrtha ina raibh an Príomh-Chigire Cúnta sannta, Leas-Stiúrthóir SSM (Ábhair) agus an Comhordaitheoir Céim Suas go raibh na mionsonraí maidir le fócas na dtionscadal beartaithe teoranta uaireanta. Chinn an grúpa go mbeadh tacú leo fócas a dtionscadal a shainaithint go hiomlán ina phríomhghné de na seimineáir le heagrú do na scoileanna.

Spreagadh na scoileanna le sonraí a bhailiú ón oiread foinsí éagsúla ábhartha ab fhéidir, lena n-áirítear suirbhéanna, fócasghrúpaí agus ábhar FMS a bhailigh an scoil cheana. Bhí sé seo chun a chinntiú go raibh fócas na scoile sa deireadh thiar thall bunaithe ar fhíor-shaincheist i gcomhthéacs don scoil sin, a thacódh le cur chuige inbhuanaithe, foirne uile. *"Is ríshoiléir ar fud an tionscadail an tábhacht atá le fócas a shainaithint atá bunaithe ar an bhfianaise agus ionchur ó na scarshealbhóirí go léir. Mar thoradh ar fhianaise a bhailiú agus fianaise atá ann cheana a úsáid mar bhonn leis an bhfócas bhí tionscadail níos fónta ann, dar liom."*

Agus athmhachnamh á dhéanamh acu ar a n-eispéiris i mBliain 1 ag seimineár i nDeireadh Fómhair 2019, dúirt roinnt scoileanna tionscadail go raibh gá dóibh fós a bhfócas tionscadail a bheachtú. Foghlaim ríthábhachtach do na scoileanna ab ea beachtú leanúnach ar fhócas na dtionscadal, mar fhreagra ar fhianaise atá ag teacht chun cinn, agus ar athmhachnamh.

Agus iad ag tacú le scoileanna soiléiriú a dhéanamh ar fhócas a dtionscadal, uaireanta d'oibrigh comhairleoirí nó cigirí le scoileanna a bhfoghlaim a ghinearálú níos faide ar shiúl ó ghnéithe sonrach an tionscadail. "Nuair a d'fhiafraigh tú ar dtús cad a bhí déanta acu ba é an freagra ná gur thógamar banc acmhainní, d'fhorbraíomar pleananna ceachta ach i ndáiríre is séard a bhí foghlamtha acu ná cérbh iad na struchtúir a bhí ag

teastáil don chomhar, conas fianaise a bhailiú ar thorthaí ó scoláirí, conas comhghleacaithe a spreagadh le glacadh le smaoineamh srl."

Thug cigirí nó comhairleoirí SSM treoir d'fhoirne Céim Suas freisin fócas níos grinne a dhéanamh ar an gcaoi ina raibh an tionscadal ag feabhsú foghlaim na scoláirí. I roinnt cásanna, thug comhairleoirí treoir do na scoileanna chun fócas a dtionscadal a bheachtú le bheith níos soláimhsithe agus níos inchainníochtaithe. Chuidigh an beachtú seo ar an bhfócas lena chinntiú go raibh a fhios ag na múinteoirí ar fad a bhí páirteach cad é go díreach a bhí ar siúil acu, cén fáth agus conas a ndéanfaí é a thomhas agus a thuairisciú. Gnóthachtáil mhór do na foirne scoile seo ab ea é seo, bíodh is gur thóg an próiseas seo píosa maith ama.

Luadh roinnt tosca a raibh tionchar acu ar ullmhacht foirne tionscadail le hathbhreithniú a dhéanamh ar a bhfócas tionscadail in imeacht ama:

- cé acu an raibh cinnteoireacht san fhoireann scoile Céim Suas comhoibríoch nó ar fhan sé faoi stiúir an chomhordaitheora,
- a mhéid ar fhéachadh ar an tionscadal Céim Suas mar bhealach chun gné "fhadhbach" d'oideolaíocht nó socruithe measúnaithe na Sraithe Sóisearaí do mhúinteoirí a réiteach nó mar bhealach chun tuiscint níos doimhne a fhorbairt ar conas tacú leis an bhfoghlaim, le roghanna agus guth na scoláirí i gcroílár na hoideolaíochta,
- an méid a coinníodh an fócas ar fhoghlaim na scoláirí de réir mar a chuaigh an tionscadal ar aghaidh, seachas go príomha ar ghníomhartha/gníomhaíochtaí na múinteoirí
- cé acu ar fhan an fhoireann seasta nó an ndeachaigh athrú foirne i gcion uirthi (a bhain le ball foirne teagaisc, comhordaitheoir foirne nó ball den ardbhainistíocht a sannadh do chaidreamh),
- sástacht na foirne chun breithniú a dhéanamh ar cheisteanna agus machnamh a dhéanamh ar mholtaí a dhéanann comhairleoirí caidrimh SSM agus cigirí,
- an cumas a bhí ag an bhfoireann Céim Suas athmhachnamh a dhéanamh ar a mbailiú fianaise, le cinneadh a dhéanamh cé acu an raibh ag éirí le gníomhartha aontaithe na torthaí a rabhthas ag súil leo a bhaint amach nó cé acu an raibh gá le fócas an tionscadail agus gníomhartha gaolmhara a athbhreithniú.

Tá na múinteoirí a ghlac páirt sa tionscadal le moladh as a dtoilteanas gairmiúil le bheith leochaileach agus le riosca, dúshlán agus gnóthachtáil a idirbheartú. Trína gcomhar, rinne na múinteoirí a ngníomhú gairmiúil a threisiú a thuilleadh, "ciall a dhéanamh" as gnéithe den *Creat don tSraith Shóisearach (2015)* agus as an bpróiseas FMS trí lionsa chomhthéacs a scoileanna féin.

## 4.2 An fhorbairt ar chleachtais aonair na múinteoirí agus cleachtas comhchoiteann/comhoibríoch na múinteoirí

Bhí an scóip ag na múinteoirí athmhachnamh a dhéanamh ar riachtanais foghlama a scoláirí, réimsí a shainaithint inar mhaith leo torthaí a fheabhsú, agus bealaí a shainaithint chun na cuspóirí seo a bhaint amach. Bhí a ngníomhartha comhaontaithe bunaithe ar athmhachnaimh chomhroinnte agus ar a mbreathnuithe ar na seomraí ranga – ón mbun aníos seachas ón mbarr anuas. Dúirt an múinteoirí go raibh siad níos toilteanaí am agus fuinneamh a chaitheamh ar an bhfoghlaim féinstiúrtha seo. “Ceapaim gur deis iontach a bhí ann do mhúinteoirí agus ranna ábhair, den chéad uair, machnamh a dhéanamh i ndáiríre ar eispéiris foghlama agus torthaí na scoláirí agus é sin a dhéanamh ar bhealach struchtúrtha agus cainníochtúil. Ceapaim gur aithin na múinteoirí 'cúis agus éifeacht' a straitéisí agus chuir sé seo lena n-inspreagadh.” [Nóta tráchta ó chomhairleoir caidrimh Céim Suas SSM/cigire]

Chuir na múinteoirí fáilte roimh, agus thuairiscigh siad tairbhí suntasacha i dtaca leis an deis obair le comhghleacaithe lasmuigh dá ngnáthghrúpaí sna ranna ábhair, foghlaim faoi bhealaí malartacha chun tabhairt faoi phleanáil, teagasc, foghlaim agus measúnú. Chuir an tionscadal struchtúr ar fáil do chruinnithe dá leithéid agus chun bealaí a bhunú le hobair le chéile. Tríd an bhforbairt ar chultúr comhoibríoch de chomhroinnt oscailte, athbhreithniú agus athmhachnamh, tacaíodh le foghlaim na múinteoirí sna scoileanna tionscadail, agus thuairiscigh múinteoirí go raibh muinín acu modheolaíochtaí nua a thriail ina seomraí ranga, agus aitheantas agus tuiscint ar a saineolas féin de réir mar a chomhroinn siad a gcuid eolais féin agus mar a thug siad aiseolas do chomhghleacaithe.

Tá cleachtas comhchoiteann/comhoibríoch múinteoirí ag brath go mór mór ar chórais agus cultúr scoile. Thacaigh Céim Suas leis an ngá le spás agus am do na scoileanna tionscadail le cultúr comhoibríoch a fhorbairt. Cuireadh banc d’uaireanta do mhaoirsiú agus ionadaíocht ar fáil do na scoileanna tionscadail go léir, chun tacú leis an bhforbairt ar chur chuige foirne. Ceann de na príomhdhúshláin a ndeachaigh na foirne i ngleic leo ab ea conas an úsáid is fearr a bhaint as na huaireanta sin. Bhí sé seo níos deacra d’fhoirne le líon níos mó daoine. Rinne na scoileanna tionscadail machnamh air seo agus chruthaigh siad bealaí nua le fanacht nasctha, ag baint úsáid as áiseanna scoilbhunaithe do chruinnithe digiteacha agus do chomhroinnt ábhair.

Toisc thábhachtach don rath ar thionscnaimh Céim Suas ab ea an tacaíocht ón ardbhainistíocht scoile. Thuairiscigh foirne tionscadail go raibh roinnt athruithe ar chultúr scoile déanta ag foirne ardbhainistíochta chun tacú lena n-obair Céim Suas, a raibh tionchair inbhuanaithe agus thairbheacha acu don fhoireann go léir. Táthar ag súil go bhfanfaidh na cuir chuige nua seo i dtaca le cruinnithe a éascú agus príomhléargas agus cuir chuige a chur in iúl don fhoireann go léir i bhfeidhm nuair a bheidh Céim Suas críochnaithe.

## 4.3 Eispéiris foghlama agus torthaí na scoláirí

> "Tháinig an tairbhe ba mhó do scoláirí mar thoradh ar mhúinteoirí ag caitheamh ama le chéile chun comhoibriú go gairmiúil. Bíodh sé trasna ranna ábhair nó laistigh de roinn ábhair, tugadh an t-am do mhúinteoirí tochailt ina sonrúcháin, torthaí foghlama a scrúdú ar bhealach níos doimhne agus smaoineamh ar na cuir chuige is fearr do scoláirí chun taithí a fháil ar na torthaí sin. In áit an chleachtais múinteoirí scoite sin is féidir a bheith ann inár scoileanna uaireanta, tháinig polasaí doras oscailte i dtimpeallacht shábháilte a bhí bunaithe ag an ardbhainistíocht. Thug an t-am agus an t-idirphlé seo idir na múinteoirí beocht do na sonrúcháin agus chuidigh siad leis na múinteoirí na naisc idir a n-ábhair a aithint – rud a dhaingnítear, ar ndóigh, tríd an *Creat don tSraith Shóisearach (2015).* Le tionscadail ar leith tá rudaí ar leith ar a dhírigh siad agus léiríonn cuid de na hagallaimh na tairbhí sonracha seo do na scoláirí. Ach ar an iomlán ceapaim gurb é caidreamh agus idirphlé gairmiúil na the múinteoirí a bheidh ina chúis le hathrú buan a mbeidh tionchar dearfach fadtéarma aige ar na scoláirí go léir a théann isteach sna seomraí ranga sin." [Nóta tráchta ó chomhairleoir caidrimh Céim Suas SSM]

I measc na dtionchar ar leith ar eispéiris foghlama agus torthaí na scoláirí a luaigh freagróirí suirbhé bhí na nithe seo a leanas:

- D'aibhsigh sonraí suirbhé agus fianaise ó bhéal ó scoláirí go raibh ceachtanna a pleanáladh mar chuid de ghníomhartha Céim Suas níos taitneamhaí, agus mar sin gur saibhríodh eispéireas foghlama agus inspreagadh na scoláirí a bhí páirteach
- Go háirithe, rinne na tionscadail go léir forbairt go sonrach ar phríomhscileanna na scoláirí
- Rinne scoláirí (chomh maith le múinteoirí) tagairt do thairbhí an chomhair thar réimsí ábhair dá bhfoghlaim: "Sainmharc den tionscadal ab ea go raibh na scoláirí buíoch as mothúchán níos mó de smaointeoireacht agus cur chuige comhcheangailte thar na hábhair a bhí i gceist"
- Mar thoradh ar úsáid fócasghrúpa scoláirí ag foirne tionscadail, chun dearcthaí na scoláirí ar thionchair Céim Suas a fháil, spreagadh na múinteoirí le hathmhachnamh a dhéanamh ar phointí caolchúiseacha a rinne na scoláirí nach raibh gafa roimhe sin ag suirbhéanna ionscoile
- Neartaíodh muinín na scoláirí freisin. I roinnt cásanna, labhair scoláirí faoi mhothú níos ábalta foghlaim ar ábhar nó scileanna roimhe sin in ábhar amháin a ghníomhachtú agus a nascadh chun tacú leis an bhfoghlaim in ábhar eile. Thuairiscigh roinnt scoláirí freisin go raibh siad níos toilteanaí a gcuid eolais, tuiscintí, freagraí pearsanta agus ceisteanna a chur in iúl sa rang
- "Creideann scoláirí i dtionscnaimh nuair a bhíonn ciall acu dóibh. Ghlac na scoláirí le cultúr nua de cheistiúchán agus ceistiúchán éifeachtach ina ranganna agus thug siad an fhoghlaim seo leo chuig ranganna eile freisin"

- Is léiriú cumhachtach é an taifead fuaime agus scannánaíochta ar scoláirí a ghlac páirt sa tionscadal i scoileanna éagsúla ar an gcaoi inar chuir tionscadail Céim Suas eispéiris foghlama agus torthaí scoláirí chun cinn. Tá na gearrthóga sin leabaithe sna tuarascálacha ó scoileanna aonair Céim Suas. Ar an drochuair, ní rabhthas ábalta scannánaíocht a dhéanamh i gcás na scoileanna go léir, mar thoradh ar thionchar Covid 19.

## 4.4 Impleachtaí do cheannairí scoile

Dúirt freagróirí ar an suirbhé nach n-éireodh chomh maith sin le Céim Suas murach na hionchuir luath ó na seimineár chuig ceannairí na naoi scoil tionscadail, bunús an tionscadail, a chruth agus spriocanna do na scoileanna aonair a chur in iúl. I bhfianaise an scéil gur é a bhí sa tacaíocht a tugadh do scoileanna ná banc d'uaireanta a ceadaíodh do mhaoirsiú agus ionadaíocht, bhí sé riachtanach go raibh ceannairí scoile cinnte faoin bhfiúntas a bhain leis an mbanc uaireanta sin a úsáid chun tacú leis na foirne tionscadail ag amanna ar leith den scoilbhliain agus ar bhealaí solúbtha.

Nuair a d'fhreastail daoine caidrimh ardbhainistíochta sannta ar sheimineáir Céim Suas agus nuair a ghlac siad páirt iontu, agus nuair a ghlac siad páirt i gcruinnithe ionscoile d'fhoirne tionscadal le comhairleoirí SSM nó cigirí, bhí rochtain ag na ceannairí scoile sin ar na sochair seo a leanas:

- athmhachnamh ar a dtuiscint ar na hathruithe teagaisc, foghlama, agus measúnaithe nasctha leis an *Creat don tSraith Shóisearach (2015)*
- tuiscint cheart a fháil ar cad a bhí ag tarlú ina scoil féin, trí pháirt a ghlacadh in athmhachnaimh na foirne tionscadail maidir le conas tionscadail a bhrú ar aghaidh
- foghlaim faoi na dúshláin agus an rath a bhí ar scoileanna eile
- léargas a fháil ar na sochair a bhain le cleachtas comhoibríoch múinteoirí thar dhisciplíní ábhair
- cuir chuige nua a fhorbairt i dtaca le córais amchláraithe/cumarsáide chun cur ar chumas foirne tionscadail obair le chéile
- foghlaim na foirne tionscadail a aistriú go rathúil chuig foghlaim foirne uile agus cuir chuige scoile uile.

## 4.5 Bealaí oibre sa todhchaí do chigirí agus comhairleoirí sa tseirbhís tacaíochta do mhúinteoirí

Leis an tionscadal Céim Suas cuireadh deis luachmhar ar fáil do chomhairleoirí SSM meantóireacht a dhéanamh ar roinnt scoileanna thar thréimhse leathnaithe ama, ag cur

ar a gcumas caidrimh a bhunú leis an bhfoireann scoile a raibh baint acu leis an tionscadal, cun tuiscint a fháil ar chomhthéacs aonair na scoile agus ar na gnéithe den *Creat don tSraith Shóisearach (2015)* ar theastaigh óna múinteoirí agus scoláirí a scrúdú ar leibhéal níos doimhne. Thug an tionscadal deis freisin don fhoireann SSM a fheiceáil cé mar a bhí scoileanna ag baint úsáid as an bpróiseas FMS chun tuilleadh forbartha a dhéanamh ar theagasc agus foghlaim sa tSraith Shóisearach: “Trí scoileanna a spreagadh le hathmhachnamh a dhéanamh ar a gcleachtas trí cheisteanna FMS, cuideofar liom tacú le múinteoirí chun an Creat don tSraith Shóisearach a chur i bhfeidhm ina gcomhthéacsanna scoile féin”.

Dúirt freagróir amháin ar shuirbhé a bhí tar éis filleadh ar an seomra ranga ó ról mar chomhairleoir SSM *“Mar mhúinteoir amach anseo beidh mé ag iarraidh fanacht nasctha le haidhmeanna FMS na scoile i mo chleachtas laethúil, seachas é sin a bheith mar rud sa bhreis ar an méid a tharlaíonn sa seomra ranga. Spreag sé mé freisin lena chinntiú nach bhfuil mo chleachtas sa seomra ranga scoite.”*

Thug Céim Suas deis do chách a bhí páirteach obair trasna teorainneacha eagraíochtúla ar bhealach a bhí an-difriúil lena ngnáthchláir oibre. Dúirt iarchomhairleoir SSM amháin, gur mhothaigh sé, agus é ag obair mar chuid de sheirbhís tacaíochta ar thionscadal Céim Suas, “go raibh an-tacaíocht ann ó chomhghleacaithe sa Roinn Oideachais. Bhí an méid sin oscailteachta agus fíor-chomhair ann maidir leis an gcaoi is fearr chun an tionscadal a chur chun cinn. Mhothaigh sé go raibh sé fíor.”

Dúirt freagróirí cigirí go mbeadh samplaí ó Céim Suas á lua acu i meastóireachtaí agus cuairteanna comhairle amach anseo, agus comhar idir-ranna méadaithe agus cuir chuige chomhroinnte i dtaca le hathrú curaclaim á gcur chun cinn acu: “Sampla is ea na Scoileanna Céim Suas ar an gcaoi ina bhféadfaidh agus ina ndéanfaidh an próiseas FMS obair chun tairbhe an mhúinteora agus an scoláire araon.”

Ar leibhéal na gcóras, dúirt freagróirí éagsúla gur chóir féachaint go cúramach ar shamhail Céim Suas de thacú le scoileanna i dtéarmaí samhlacha den fhoghlaim ghairmiúil agus dúshlán do scoileanna a dhearadh sa todhchaí. Dúirt freagróir amháin “chuideodh tuilleadh nasc follasach den chineál seo le hailíniú an chleachtais le beartas a bhaint amach.”

I Scoileanna Céim Suas, neartaíodh gníomhú múinteoirí, cuireadh tuilleadh feabhais ar eispéiris foghlama agus torthaí na scoláirí, agus baineadh amach athrú fónta oideolaíochta agus measúnaithe “ón mbun aníos.” De réir mar a bhí rath ar na scoileanna tionscadail, ba lú an spleáchas a bhí acu ar thacaí seachtracha agus d’éirigh siad níos cumhachtaithe.

# 5. Anailís chomparáideach ar an bpróiseas agus torthaí foghlama a dtugtar cur síos orthu sna naoi gcás-staidéar Céim Suas

Ní fhéachtar leis an gcaibidil seo le macasamhlú a dhéanamh ar thuairimí na gcomhairleoirí SSM agus cigirí maidir le torthaí an phróisis Céim Suas, mar a chuirtear i láthair iad sa chaibidil roimhe seo. Ina áit sin, féachtar leis na tátail sin a thriantánú, ag gabháil do ghrinnscrúdú comparáideach ar na cás-staidéir (lena n-áirítear an fhianaise ilmheán atá leabaithe iontu).

Is éard atá i ngach cás-staidéar Céim Suas cur síos tuairisciúil anailíseach ar an méid a tharla i scoil amháin, ag obair laistigh dá comhthéacs agus cúinsí uathúla féin. Ní thugann na tuarascálacha saintreoir ar cad ba chóir tarlú sna scoileanna uile. Moltar duit na tuarascálacha aonair a léamh roimh an gcaibidil seo.

## 5.1 Mar a d’oibrigh na foirne Céim Suas le chéile

I gcás na naoi scoil go léir, cothaíodh fíor-chomhar múinteoirí. Dúirt roinnt múinteoirí in agallaimh a bhí leabaithe sna cás-staidéir gurb amhlaidh, agus iad ag obair le comhghleacaithe ag teagasc i réimsí ábhair éagsúla, nár dhírigh a gcomhráite gairmiúla ar an ábhar féin amháin. Ina áit sin, leathnaíodh iad chun díriú ar riachtanais scoláirí agus ar straitéisí inaistrithe teagaisc agus foghlama, as a dtiocfaidh comhroinnt níos mó de smaointe agus acmhainní.

Tráchtaireacht a tharla arís agus arís eile i roinnt agallamh ab ea gur ghá do mhúinteoirí gabháil don phlé gairmiúil agus taighde lena bhfoireann Céim Suas chun teacht ar thuiscint chomhroinnte ar réimse ar leith den oideolaíocht / de phríomhscileanna / de thorthaí foghlama nó gné eile den *Creat don tSraith Shóisearach (2015).* Is ansin amháin a d’fhéadfadh na foirne múinteoirí tuilleadh forbartha a dhéanamh ar a scileanna féin sa réimse fócais roghnaithe, sula sainaithneofaí conas a dhéanfaidís ceannaireacht ar fhorbairtí lena scoláirí.[15] Thug Céim Suas treoir d’fhoirne múinteoirí spás agus am a chruthú inar spreagadh “caint mhacánta” faoi cad a bhí ag obair go maith nó cad nach raibh ag obair go maith, cad ab fhiú a choinneáil ar aghaidh, agus cad iad na chéad chéimeanna eile a d’fhéadfadh a bheith ann.[16]

[15] Is féidir sampla ionadaíoch den smaointeoireacht seo a fháil i dtuarascáil Choláiste Pobail Chaisleán Cnucha.

[16] Mar shampla, labhair duine ar ar cuireadh agallamh in éineacht le comhghleacaithe ó Choláiste Chaladh an Treoigh gur mhothaigh sí compordach ag admháil leo dá mba rud nach

Aibhsíodh an tacaíocht a thug na múinteoirí dá chéile mar ghné riachtanach den dul chun cinn a baineadh amach. Theastaigh ó roinnt scoileanna leanúint ar aghaidh le cultúr comhoibríoch piarbhreithnithe a bheith ina ghné bhuan de shaol na scoile, mar a luadh in agallaimh leabaithe nó sna cás-staidéir próis.

Tá an cleachtas athmhachnamhach i measc na múinteoirí le feiceáil trasna na naoi dtionscadal, go coitianta in úsáid na ndialann athmhachnamhach agus tiomantán comhroinnte/cainéal tiomanta ar ardán ar líne na scoile. Forbraíodh cleachtais bhreise i roinnt scoileanna freisin. Mar shampla, rinne múinteoirí Céim Suas i b**Pobalscoil Naomh Colmcille, Cnoc Lín** fístaifeadadh ar shampla dá gceachtanna féin, chun ligean dóibh meastóireacht a dhéanamh ar a gcleachtais cheistiúcháin féin sular thosaigh an tionscadal. Thairis sin, baineadh úsáid as loga foghlama 'Padlet' i dtionscadal **Choláiste Naomh Columba**, ina ndearna na múinteoirí tionscadail taifeadadh ar a n-athmhachnaimh agus breathnuithe pearsanta ar feadh an phróisis ach bhí siad ábalta freisin na smaointe sin a chomhroinnt leis an bhfoireann.

Léirítear an mhuinín a forbraíodh i measc na múinteoirí Céim Suas mar chomhoibrithe san fhoghlaim ghairmiúil freisin le líon na dtionscadal inar cuireadh piarbhreathnú san áireamh mar uirlis thábhachtach foghlama. Bhain roinnt scoileanna úsáid as chun sonraí bonnlíne a bhailiú faoi ghné d'fhoghlaim na scoláirí i seomraí ranga, leis an gcomhghleacaí ar cuairt ag glacadh nótaí ag baint úsáid as treoirlínte comhaontaithe. Bhain scoileanna eile úsáid as chun cleachtais bhunaithe, réamh-idirghabhála sa réimse fócais ábhartha a chomhroinnt nó chun cleachtais a forbraíodh trí Céim Suas a chomhroinnt le comhghleacaithe lasmuigh den fhoireann tionscadail. Thuairiscigh múinteoirí gur mhothaigh siad níos compordaí cuireadh a thabhairt do phiarbhreathnóirí teacht chuig a gceachtanna nuair a bhí an comhghleacaí ag teacht ó chúlra ábhair éagsúil.

## 5.2 Tionscadail a dhírigh ar phríomhscileanna Sraithe Sóisearaí na scoláirí a neartú nó gnéithe de na scileanna sin a neartú

Thug sonraí a bhailigh na Scoileanna Céim Suas le fios, i neart cásanna, go raibh tacaí follasacha de dhíth ar scoláirí i ngnéithe de phríomhscileanna na Sraithe Sóisearaí chun tacú lena bhfoghlaim.

CUMARSÁID, SMAOINTEOIREACHT CHRITICIÚIL, AGUS OBAIR LE DAOINE EILE

- Nuair a bhíonn sonraí tosaigh á mbailiú, dúirt scoláirí na chéad bhliana i g**Coláiste Pobail Chaisleán Cnucha** go raibh siad neirbhíseach ag labhairt os

raibh sí cinnte conas dul ar aghaidh nó dá mba rud é gur theastaigh cúnamh uaithi le gné den obair, agus a fhios aici go bhfaigheadh sí tacaíocht óna comhghleacaithe.

comhair a bpiaraí. Dúirt siad freisin, roimh an tionscnamh Céim Suas, go raibh siad páirteach go héighníomhach ina bhfoghlaim, i gcoitinne ag éisteacht leis an múinteoir agus ag glacadh nótaí.

- Chun tacú le scileanna éisteachta, smaointeoireachta criticiúla agus labhartha na scoláirí, rinne múinteoirí na nithe seo a leanas
    - modheolaíochtaí éagsúla a chur i láthair na scoláirí chun na scileanna a fhorbairt go follasach
    - a gcleachtais laethúla a athrú chun tuilleadh deiseanna a chur san áireamh do scoláirí le gabháil do ghníomhaíochtaí fónta comhoibríocha labhartha agus éisteachta sa rang
    - stór focal réamh-mhúinte chun tacú le húsáid labhartha agus scríofa na téarmaíochta ábhair ag na scoláirí.
- Thug an t-aiseolas ó na scoláirí maidir leis an idirghabháil seo le fios gur cruthaíodh "timpeallacht shábháilte agus thaitneamhach", inar fhoghlaim siad scaoileadh leis an neirbhíseacht, éisteacht, gabháil don smaointeoireacht chriticiúil agus labhairt amach os comhair a bpiaraí go muiníneach. Dúirt siad freisin gur chuidigh forbairt na scileanna leo obair go comhoibríoch, ina n-ábhair go léir, agus ina measúnuithe bunaithe ar an seomra ranga (MRBanna).

- Theastaigh ón bhfoireann Céim Suas i b**Pobalscoil Naomh Colmcille, Cnoc Lín** eispéiris foghlama níos dúshlánaí a chruthú trí chleachtais cheistiúcháin sa scoil a fhorbairt a thuilleadh. Chuir an fhoireann fócas ar cheistiúchán ardoird chun deiseanna don smaointeoireacht chriticiúil agus don fhadhbréiteach a spreagadh do na scoláirí. Cé go raibh fócas tosaigh an tionscadail ar an dúshlán a thabhairt do scoláirí níos cumasaí, thug na sonraí a bailíodh maidir le tionchar le fios don fhoireann gur bhain an plé ag eascairt as ceistiúchán ardoird leis na scoláirí go léir agus gur lig siad do chách cur le topaic nó freagra, ag tacú le tuiscint agus smaoineamh domhain, agus ag cur feabhais ar rannpháirtíocht agus taitneamh do chách.

- Bhí an fócas i mBliain 1 de thionscadal **Choláiste Naomh Bricín** ar cheistiúchán ardoird freisin, ag féachaint le feabhas a chur ar chumas na scoláirí ceisteanna a chur, a chruthú agus a fhoirmliú. Ba é an bunús leis an tionscadal ná go mbeadh gá ag na scoláirí le cumas láidir chun ceisteanna a chur go muiníneach agus a bheith sásta dul sa tseans le freagraí míchearta agus tuiscint a fháil ar an luach atá le botúin a dhéanamh, chun a bhfoghlaim a shoiléiriú.
- Le linn na céime tosaigh inar bailíodh sonraí, nochtaíodh buarthaí na scoláirí. Áiríodh sna buarthaí sin imní faoi cheist a fháil mícheart agus faoi bhreithiúnas ó phiaraí. [17]

[17] Shainaithnigh scoláirí na saincheisteanna céanna i dtionscadal Choláiste Pobail Chaisleán Cnucha.

- Dhírigh an fhoireann tionscadail ar thimpeallacht foghlama shábháilte agus dhaingean a chruthú do scoláirí, inar aontaíodh noirm d'éisteacht ómósach thuisceanach agus do labhairt chruthaitheach – "seomra ranga ag smaoineamh." Ina theannta sin, chinn an fhoireann ar chur chuige a thriail de cheisteanna ardoird idirdhealaithe a réamhphleanáil dá ranganna. Ina theannta sin, chum siad bearta dearfacha atreisithe do scoláirí a chuir ceisteanna sa rang. Chomh maith leis sin, chruthaigh siad póstaeir agus leabharmharcanna le fréamhacha ceisteanna do mhúinteoirí agus scoláirí freisin, bunaithe ar Thacsanomaíocht leasaithe Bloom, chun freagraí scoláirí a scafláil. Thug fianaise a bailíodh i ndiaidh na hidirghabhála ceistiúcháin ceithre seachtaine le fios go raibh ceisteanna na scoláirí bogtha chuig leibhéil ardoird, ó "chuimhne" go "cruthú" ar Thacsanomaíocht leasaithe Bloom.

ATHMHACHNAMH mar threoir don ghníomh (gné laistigh de MÉ FÉIN A BHAINISTIÚ agus EOLAS AGUS SMAOINTEOIREACHT A BHAINISTIÚ)

- I g**Coláiste Muire, Inis**, d'fhéach an tionscadal Céim Suas le tuilleadh forbartha a dhéanamh ar inniúlachtaí athmhachnaimh agus straitéisí oideolaíochta na múinteoirí le cur ar chumas na scoláirí ról níos athmhachnamhaí agus le béim ar ghníomh a ghlacadh ina bhfoghlaim, as a dtiocfadh eispéiris foghlama níos taitneamhaí agus torthaí níos airde do scoláirí.
- Bhailigh foireann Céim Suas na scoile sonraí an-mhionsonrach ag tús na hoibre, trí shuirbhéanna agus fócasghrúpaí scoláirí, chun bonnlíne a bhunú de thuairimí agus riachtanais na múinteoirí agus na scoláirí i dtaca leis an athmhachnamh. Tháinig bearna san fheasacht agus sa tuiscint le linn an taighde seo. Thuairiscigh múinteoirí gur ghabh siad go rialta don athmhachnamh maidir lena gcleachtas; go minic ag iarraidh gnéithe den athmhachnamh a chur san áireamh ina gceachtanna, agus ag lorg treoracha maidir leis na huirlisí athmhachnamhacha éagsúla agus na bealaí chun iad a úsáid sa seomra ranga. Thug sonraí ó na scoláirí le fios nach raibh siad ar an eolas faoi uirlisí athmhachnamhacha agus go raibh tuiscint an-chaol acu ar cad ba bhrí le hathmhachnamh, agus gur nasc siad é le ceartú earráidí.
- I mBliain 1, rinne an fhoireann Céim Suas cleachtas agus uirlisí athmhachnamhacha a leabú laistigh dá ngníomhaíochtaí laethúla ranga, ag forbairt agus ag comhroinnt banc d'acmhainní athmhachnamhacha le tástáil. Príomhchinneadh a rinne an fhoireann ab ea tuirse athmhachnaimh a íoslaghdú trí théarmaíocht éagsúil a úsáid chun athmhachnaimh na scoláirí a ghníomhachtú (loga scileanna, dialann athmhachnamhach, dialann srl). Luaigh na múinteoirí cé chomh maith agus a d'oibrigh na scoláirí, mar dhaoine aonair agus mar bhaill de ghrúpaí, le huirlisí éagsúla athmhachnamhacha agus mar a bhí siad ag éirí níos gníomhaí agus níos neamhspleáiche laistigh dá bhfoghlaim.
- Fuair suirbhé foirne ag deireadh Bhliain 1 amach go raibh tromlach na múinteoirí anois ag gabháil go gníomhach don athmhachnamh maidir lena gcleachtas féin ar bhonn laethúil, gur bhain a fhoireann tairbhe as an gcomhar tras-ábhair chun

uirlisí agus cleachtais athmhachnamhacha a chomhroinnt, agus gur mheas siad go raibh a ngabháil sa chleachtas athmhachnamhach i dtaca lena n-oideolaíocht féin ag coinneáil na scoláirí gafa agus spreagtha. Mar thoradh ar an idirghabháil, treisíodh acmhainneacht athmhachnamhach na múinteoirí agus a bhfoghlaim ghairmiúil óna chéile. Gnóthachtálacha móra de chuid an tionscadail ab ea comhar múinteoirí a bhaint amach, glacadh, agus leabú ar dheiseanna athmhachnamhacha trasna ceachtanna.
- Dar le haiseolas na scoláirí maidir le gníomhaíochtaí Bhliain 1 go bhfuair na scoláirí neart deiseanna dearfacha chun sampla a fháil agus comparáid a dhéanamh idir na modhanna éagsúla d'athmhachnaimh. Chuaigh roinnt scoláirí ar aghaidh chun na modhanna athmhachnaimh ab fhearr a d'oir dóibh a shainaithint, rud a lig dóibh seilbh ní ba mhó a ghlacadh ar a bhfoghlaim. Bhí mearbhall ar scoláirí eile fós maidir le cad a bhí san áireamh laistigh de réimse an athmhachnaimh. Thuaraiscigh siad freisin go raibh an-mhearbhall orthu nuair a d'úsáid múinteoirí téarmaí éagsúla don athmhachnamh agus go raibh sé an-deacair acu naisc a fheiceáil idir na gníomhaíochtaí athmhachnamhacha a rinneadh i réimsí ábhair éagsúla. (Ina dhiaidh sin aontaíodh teimpléad chun an chomhsheasmhacht a chur chun cinn san athmhachnamh trasna na dtrí roinn a bhí ionadaithe acu san fhoireann Céim Suas, mar fhreagra ar an tátail seo).
- I bplean na foirne Céim Suas do Bhliain 2 samhlaíodh tuilleadh forbartha ar acmhainneachtaí athmhachnamhacha na scoláirí isteach sna réimsí gnímh trí shocrú spriocanna aonair agus grúpaí, ag nascadh le hobair ar an bhfolláine. Chuir Covid 19 isteach ar na pleananna seo.
- Cuireann an tionscadal seo foghlaim thábhachtach ar fáil do scoileanna eile maidir leis an luach atá le sonraí ardchaighdeáin a bhailiú chun ailínithe agus mí-ailínithe a aithint idir athmhachnamh na múinteoirí agus na scoláirí i dtaca le forbairtí oideolaíochta.

SCILEANNA INAISTRITHE AG TACÚ LE MRBanna

- D'eascair tionscadal **Coláiste Stratford** as aiseolas ó scoláirí an dara bliain i ndiaidh dóibh páirt a ghlacadh i MRBanna i dtrí ábhar den chéad uair (2017/18). D'aithin na scoláirí dúshláin i dtaca le naisc a dhéanamh idir tascanna MRB trasna ábhair agus deacrachtaí le bainistíocht ama. Ansin rinne an fhoireann Céim Suas suirbhé ar na scoláirí chun tuilleadh eolais a fháil faoina n-eispéiris foghlama.
- Agus an fhéidearthacht do dheiseanna foghlama níos doimhne a fheiscint acu, chinn an fhoireann ar chomhoibriú trí úsáid a bhaint as raon níos leithne de mhodheolaíochtaí comhoibríocha bunaithe ar imscrúdú agus trí cuir chuige chósúla a chomhaontú i dtaca le príomhscileanna a theagasc.
- D'aithin an fhoireann Céim Suas gnéithe de phríomhscileanna na Sraithe Sóisearaí a bhí comónta trasna na dtrí MRBanna: pleanáil, taighde, meastóireacht ar fhoinsí, teicneolaíochtaí foghlama digití a úsáid, cumarsáid, obair le daoine eile, agus athmhachnamh. Chinn an fhoireann teanga chomhsheasmhach, tacaí teimpléid modheolaíochta, agus treoracha a ghlacadh

chun tacú le scoláirí na príomhscileanna a úsáid chun a MRBanna a chur i gcrích. Ansin chuir siad na tacaí a bhí aontaithe i leabhrán do scoláirí agus threisigh siad iad le taispeántais amhairc ranga a chruthaigh na scoláirí.

- Thug an t-aiseolas ó scoláirí le fios go ndearna an chomhsheasmhacht seo sa chur chuige treisiú rathúil ar na scileanna a rabhthas ag díriú orthu, ag cur ar chumas na scoláirí scileanna ó chomhthéacs amháin a chur i bhfeidhm ar chomhthéacs eile, agus tabhairt faoi MRBanna "ar bhealach níos eagraithe, socair." [18]
- Cuireann an tionscadal seo foghlaim thábhachtach ar fáil do scoileanna eile maidir leis an ngá le rioscaí a ghlacadh agus triail a bhaint as rudaí d'fhonn foghlaim.

SCILEANNA FOGHLAMA DIGITÍ SCOLÁIRÍ A NEARTÚ

- Ag eascairt as iniúchadh scoile uile ar Ráitis Foghlama na Sraithe Sóisearaí, roghnaigh **Meánscoil Lughaidh Naofa, Dún Dealgan** le neartú a dhéanamh ar úsáid na dteicneolaíochtaí foghlama digití ag a scoláirí agus múinteoirí trí Céim Suas. Ag aithint go bhfuil úsáid na dteicneolaíochtaí foghlama digití ina ghné atá comónta do na hocht príomhscil sa tSraith Shóisearach, d'fhéadfadh an fhoireann Céim Suas a fheiscint conas a bheadh fócas dá leithéid ina thairbhe do scoláirí agus múinteoirí.
- Trí shuirbhéanna ar scoláirí, d'aithin an fhoireann Céim Suas go raibh easpa bunscileanna foghlama digití ar na scoláirí chun tacú lena bhfoghlaim. I mBliain 1, mhúin múinteoirí tionscadail scileanna sonracha do scoláirí na chéad bhliana amhail conas gléas de chuid na scoile a chasadh air, doiciméad Word a úsáid, sonraí a chur isteach i scarbhileog, taighde a dhéanamh, cuir i láthair a chruthú, eagarthóireacht a dhéanamh, agus doiciméid a úsáid sa seomra ranga. Comhthreomhar leis seo, rinneadh Seaimpíní Digiteacha scoláirí sa rang a ghníomhachtú chun piarthacaíocht a sholáthar. Rinneadh scileanna na scoláirí ag obair le daoine eile a neartú freisin trí thascanna a shocraigh a múinteoirí, a d'iarr orthu obair go comhoibríoch ag baint úsáid as teicneolaíochtaí foghlama digití.
- I mBliain 2 leathnaíodh scéim na Seaimpíní Digiteacha chomh maith le forbairtí curaclaim agus eagraíochta chun treisiú a chur ar úsáid na dteicneolaíochtaí digiteacha ag na scoláirí chun tacú lena bhfoghlaim. Bhog an scoil chuig

[18] Chinn Foireann Céim Suas Stratford freisin ar thriail a bhaint as cur chuige ina n-aontófaí ar théama amháin chun obair MRB na scoláirí uilig a aontú do bhliain staidéir, le fiosrú an dtacódh sé le scoláirí a thuilleadh. Cé go raibh luach leis an gcur chuige téamach don tionscadal agus líon beag na MRBanna i gceist, níl sé inmholta ná inbhuanaithe i gcomhthéacs an fhorfheidhmithe iomlán ar an tSraith Shóisearach agus an riachtanais le hamú na MRBanna a leathnú chun an strus ar na scoláirí a mhaolú.

ranganna uair an chloig chun cuidiú le foghlaim níos doimhne, cheannaigh an scoil tuilleadh gléasanna agus tugadh isteach gearrchúrsa i Litearthacht na Meán Digiteach do scoláirí.
- Bhailigh na múinteoirí Céim Suas fianaise ar an raon leathan torthaí a bhí chun sochair na scoláirí rannpháirteacha. I measc na dtorthaí bhí muinín agus inniúlacht mhéadaithe i scileanna bainistíochta eolais, cumarsáide agus smaointeoireachta; méadú ar inniúlachtaí chun úsáid a bhaint as réamhfhoghlaim thar ábhair; agus leibhéil ardaithe rannpháirtíochta san obair go neamhspleách agus go comhoibríoch. Léirigh na scoláirí freisin feasacht níos mó ar a gcearta agus freagrachtaí mar shaoránaigh dhigiteacha, agus bhí leibhéil níos dearfaí acu d'fholláine, toisc go raibh na huirlisí agus an t-eolas acu chun bainistiú a dhéanamh ar a gcumarsáid agus eolas ar líne.

## 5.3 Tionscadail a d'fhéach le cleachtais measúnaithe foirmithigh ar leith a fhorbairt i measc na múinteoirí agus na scoláirí

Thug na sonraí a bhailigh na Scoileanna Céim Suas le fios i neart cásanna go raibh gá ag na scoláirí le tacaí follasacha i ngnéithe de príomhscileanna na Sraithe Sóisearaí chun tacú lena bhfoghlaim

- I dtionscadal **Choláiste Naomh Columba**, forbraíodh raon níos leithne de chuir chuige aiseolais laethúla idirghníomhacha ranga ó na scoláirí chuig na múinteoirí. Foghlaim thábhachtach ón tionscadal seo ab ea gur bhain na scoláirí taitneamh as gabháil do mhodhanna éagsúla aiseolais scríofa agus idirghníomhacha digiteacha ina gceachtanna. Thuairiscigh scoláirí gur thug eispéiris foghlama dá leithéid deis dóibh a bheith páirteach go gníomhach ina bhfoghlaim, a dtuairimí a chur in iúl, agus níos mó freagrachta a ghlacadh as a bhfoghlaim. Thug na straitéisí aiseolais idirghníomhacha ranga a tástáladh léargas soiléir do na múinteoirí faoi na rudaí a raibh máistreacht faighte ag na scoláirí orthu, agus na rudaí a raibh tacaíocht de dhíth orthu leo fós.

- Dhírigh Bliain 2 de thionscadal **Choláiste Naomh Bricín** ar chleachtas comhsheasmhach a bhunú i measc múinteoirí i dtaca le critéir ratha a úsáid chun a thaispeáint do na scoláirí cad a bhí á lorg ag na múinteoirí sa mheasúnú ar obair, chun na múinteoirí a threorú chun comhleanúnachas a dhearbhú idir a gcritéir ratha agus an t-aiseolas a bhí á sholáthar acu, agus chun aiseolas níos saibhre a chur ar fáil do scoláirí ar phíosaí oibre suimitheacha. [19]

[19] Tharla an t-athrú fócais seo ó Bhliain 1 mar thoradh ar an scéal go raibh athruithe suntasach ar fhoireann Céim Suas na scoile faoi Bhliain 2.

- D'fhéach tionscadal **Choláiste Pobail Bhuiríos Uí Chéin** le feabhas a chur ar theagasc agus ar fhoghlaim trí cheithre phríomhchleachtas measúnaithe foirmithigh a leabú i measc múinteoirí agus scoláirí: intinní foghlama, critéir ratha a chomhchruthú, aiseolas foirmitheach éifeachtach, agus cleachtais athmhachnamhacha.
- Tríd an tionscadal, stiúradh na scoláirí chuig critéir ratha a chruthú i dteanga a d'fhéadfaidís a thuiscint, ag cuidiú leo sa deireadh thiar thall na Tréithe Cáilíochta a bhaineann le MRBanna a thuiscint. Chuidigh an fócas follasach seo ar theanga an mheasúnaithe leis na scoláirí gabháil ar bhealach níos fónta dá bhfoghlaim.
- Tá agallamh le grúpa scoláirí leabaithe sa chás-staidéar seo an-suntasach, toisc go bpléann na scoláirí fíorphíosaí oibre a bhí déanta acu mar chuid den tionscadal an bhliain roimhe sin. Míníonn siad mar a d'fhoghlaim siad brí agus feidhm na gcritéar ratha, féin-athmhachnamh, aiseolas ó phiaraí agus múinteoirí, agus athbhreithniú ar shamplaí de chaighdeán. An rud is tábhachtaí fós, d'fhoghlaim siad conas an léargas a thug na cleachtais mheasúnaithe seo a bhailiú agus a chur i bhfeidhm chun feabhas a chur ar a bhfoghlaim agus a bhfeidhmíocht i dtascanna.
- Ar an iomlán, tuairiscíodh gur éirigh na scoláirí a bhí páirteach níos rannpháirtí agus níos infheistithe sa rang agus bhí siad ag glacadh níos mó freagrachta as a bhfoghlaim faoi dheireadh an tionscadail. Ina theannta sin, forbraíodh comhthuiscintí ar ghnéithe tábhachtacha den mheasúnú foirmitheach i measc na múinteoirí, na hardbhainistíochta, na scoláirí, agus le roinnt tuismitheoirí.[20]

## 5.4 Tionscadal a ghabh don fhorbairt curaclaim agus don fhorbairt oideolaíochta ag an am céanna

OBAIR FMS ROIMH CÉIM SUAS A CHUIDIGH LE TIONSCADAL LE DHÁ FHÓCAS

- Rinne tionscadal **Choláiste Chaladh an Treoigh** forbairt ar dhá ghné d'obair ullmhúcháin FMS a raibh an scoil ag gabháil dó sular seoladh an tionscadal.
- Ó 2016-2018, bhí an scoil ag obair chun níos mó úinéireachta agus soiléire a thabhairt do na scoláirí i dtaca lena bhfoghlaim, bunaithe ar riachtanais a d'aithin na scoláirí trí bhailiú sonraí FMS. Ba é plean na scoile chun é seo a bhaint amach ná na cleachtais oideolaíochta measúnaithe foirmithigh seo a leanas a leabú laistigh de ranna ábhair: intinní foghlama agus critéir ratha a aontú leis na scoláirí, tascanna fónta a dhearadh a chuir na scoláirí go gníomhach i gcroílár a bhfoghlama, agus cuidiú leis na scoláirí athmhachnamh a dhéanamh ar a bhfoghlaim.

[20] Féach cur síos ar Oíche Faisnéise MRB do thuismitheoirí a bhunaigh Coláiste Pobail Bhuiríos Uí Chéin i roinn 5.5.

- D'aithin foireann múinteoirí forluí freisin in Ráitis Foghlama na Sraithe Sóisearaí i dtaca leis an inbhuanaitheacht, agus theastaigh uathu cur ar chumas na scoláirí "naisc bhríocha agus fhíora a dhéanamh idir an fhoghlaim i réimsí ábhair éagsúla den churaclam" i dtaca leis an gcoincheap.[21]
- Rinne an tionscadal Céim Suas a mhol an scoil an dá shnáithe oibre bhunaithe seo a chumasc: múinteoirí ábhar ina raibh an inbhuanaitheacht nasctha le torthaí foghlama ina sonrúcháin don tSraith Shóisearach a thabhairt le chéile, chun eispéireas foghlama idirdhisciplíneach a dhearadh do na scoláirí, arna dhearadh ag baint úsáid as modheolaíochtaí measúnaithe foirmithigh gníomhacha agus dúshlánacha.

AN PLEAN GNÍOMHAÍOCHTA A DHEAR AN FHOIREANN CÉIM SUAS

- Ó tharla go raibh cuid mhaith taighde déanta laistigh den scoil sular seoladh Céim Suas, bhí an fhoireann ábalta plean gníomhaíochta a fhorbairt níos tapúla ná na scoileanna tionscadail eile.
- Dhírigh an t-aonad oibre ceithre seachtaine a tháinig dá bharr ar an inbhuanaitheacht in úsáid earraí leictreonacha, fóin phóca go sonrach, le seachadadh i gcomhthráth thar cúig réimse ábhair chuig lucht an dara bliain.
- I mBliain 1, rinneadh na trí réimse measúnaithe foirmithigh scoile uile d'fheabhsú a leabú d'aon ghnó i ndearadh na gceachtanna, le hacmhainní a rinne an chroífhoireann comhroinnte leis na foirne teagaisc i gcoitinne chun tacú leis an teagasc agus foghlaim sa seomra ranga.
- Dhear an fhoireann loga foghlama scoláire ina raibh léargas seachtainiúil den fhoghlaim bheartaithe thar cúig ábhair. Dhéanadh na scoláirí seiceáil isteach go foirmiúil leis an bhfoghlaim bheartaithe ag tús agus deireadh gach seachtaine agus dhéanaidís meastóireacht ar a ndul chun cinn pearsanta, ag cur feabhais ar a bhfoghlaim. Cuireadh raon d'uirlisí don athmhachnamh san áireamh, ar a rinneadh taighde, tástáil phíolótach agus meastóireacht i seomraí ranga roimhe sin agus ar léiríodh go raibh siad éifeachtach, chun cuidiú leis na scoláirí pleanáil do na chéad chéimeanna eile ina bhfoghlaim.
- Gach seachtain, iarradh ar na scoláirí athmhachnamh a dhéanamh ar na naisc a bhí déanta acu idir an fhoghlaim ar fud na n-ábhar agus iad seo a nótáil ina logaí foghlama. Iarradh ar na múinteoirí a bhí ag seachadadh an aonaid freisin samplaí a nótáil ina ndearna na scoláirí an fhoghlaim i réimse ábhair amháin a nascadh go deonach leis an bhfoghlaim a bhí ag tarlú in aon cheann de na ceithre réimse ábhair eile a bhí páirteach. Rinneadh fianaise dá leithéid a chomhroinnt ansin leis an gcroífhoireann deartha.

ATHBHREITHNIÚ AR BHLIAIN 1

---

[21] Féach *Ag Breathnú ar an Scoil Againne 2016: Creat Cáilíochta d'Iar-Bhunscoileanna*, leathanach 16.

- Mar fhreagra ar aiseolas ó mhúinteoirí agus scoláirí, agus i gcomhar le grúpa deonach scoláirí, d'oibrigh an fhoireann Céim Suas chun an loga foghlama agus aonad foghlama a bheachtú, chun líon níos lú de nóiméid foghlama thábhachtacha a shainaithint ina raibh gá le hathmhachnamh dírithe. Le scrúdú na múinteoirí ar logaí foghlama anótáilte na scoláirí ag deireadh bhliain a dó sainaithníodh caighdeán níos airde agus athmhachnamh níos mionsonraithe ná mar a bhí taifeadta ag an athbhreithniú ar Bhliain 1.
- Ba é an fócas eile d'fheabhsú an chumarsáid laistigh den fhoireann Céim Suas i gcoitinne: bhí seachtar múinteoirí ar an gcroífhoireann ach bhí suas le 21 comhghleacaí ábhair ag gabháil do thástáil phíolótach ar an aonad foghlama. Thug an t-aiseolas le fios go raibh, i measc roinnt múinteoirí, easpa tuisceana ar an mbunús le nádúr idirdhisciplíneach agus freisin le dearadh na gceachtanna. Chun feabhas a chur ar an gcumarsáid, soláthraíodh cuir i láthair roinne agus foirne uile agus seisiúin aiseolais. Le cainéal tiomanta a chruthú ar ardán ar líne na scoile cuireadh feabhas ar chomhroinnt acmhainní, feabhsaíodh cumarsáid, agus cuidíodh le nóiméid a struchtúrú d'athmhachnamh agus aiseolas na múinteoirí.

TORTHAÍ

- Tuairiscíonn an cás-staidéar ar thorthaí éagsúla do scoláirí agus múinteoirí mar dhaoine aonair, do ranna ábhair agus don scoil uile, ag eascairt as an tionscadal.
- Gné shuntasach den dearadh curaclaim ab ea an coincheap d'fhoireann múinteoirí ag beachtú aonad foghlama i gcomhar le grúpa leasmhar scoláirí.
- I mBliain 2, d'fheidhmigh an chumarsáid laistigh den fhoireann Céim Suas i gcoitinne ar leibhéal i bhfad níos éifeachtaí, leis an bhfoireann níos leithne múinteoirí ag athmhachnamh go gníomhach, ag glacadh seilbh agus ag cuidiú leis an bhforbairt ar an bpróiseas deartha curaclaim.
- Tugann an t-agallamh scannánaithe le grúpa scoláirí atá leabaithe sa chás-staidéar léargas breise ar thionchair an tionscadail ar fhoghlaim na scoláirí. Tugann scoláire amháin cur síos ar an taitneamh a bhaineann sí as tascanna fónta amhail iallach a bheith uirthi taighde a dhéanamh ar thopaicí go neamhspleách. Labhraíonn scoláire eile faoin luach a bhain le hintinní foghlama a chomhroinnt le rang-ghrúpaí tríd an loga foghlama, ag soiléiriú dó cad ba ghá dó a fhoghlaim ó obair na seachtaine. Tuairiscíodh go raibh atmaisféar níos suaimhní sa seomra ranga agus rinneadh dearcthaí a mhúnlú go láidir ag an tionscadal freisin.
- Is dócha gurb é tionscadal Choláiste Chaladh an Treoigh an léiriú is gaire de "foireann deartha múinteoirí" ag gníomhú, ag baint "forbairt curaclaim, forbairt múinteoirí agus forbairt eagraíochta scoile" ach go comhthráthúil ar bhealach atá dírithe ar na scoláirí, mar a thugtar cur síos air i roinn 3.5.

## 5.5 Tionchair nuálaíocha scoile uile ó Céim Suas

- D'fhorbair roinnt foirne Céim Suas bealaí nua chun tacú leis an bhfoghlaim ghairmiúil intí. Mar shampla, tugadh cuireadh d'fhoireann **Choláiste Naomh Columba** a cuid oibre a chur i láthair don fhoireann iomlán le linn ceardlainne ionscoile SSM, agus míniú a thabhairt ar na cuir chuige aiseolais idirghníomhacha ranga éagsúla ó scoláirí go múinteoirí a raibh taighde agus triail déanta acu orthu. Bealach an-éifeachtach go deo ab ea comhroinnt na foirne den chleachtas ranga ar fhíseán chun a léiriú seachas a rá le comhghleacaithe maidir leis na cuir chuige a bhí triailte ag an bhfoireann.

- Agus athbhreithniú á dhéanamh ar an saineolas gairmiúil intí i dtaca le ceistiúchán ardoird, d'aithin foireann Céim Suas **Phobalscoil Naomh Colmcille** go raibh staidéar déanta cheana féin ag múinteoirí nuacháilithe (MNCanna) ar an bhfoireann ar an réimse seo mar chuid dá n-ullmhúchán don teagasc. Iarradh ar na MNCanna ansin a bhfoghlaim a chur i láthair don fhoireann ar fad agus baineadh úsáid as an taighde seo mar bhonn don tionscadal Céim Suas. Bhí an aithint agus an úsáid seo d'fhoghlaim na MNCanna mar acmhainn don fhoireann go léir ina dhearbhú an-dearfach ar na hacmhainní gairmiúla á dtabhairt isteach ag baill nua chuig pobal na scoile.

- Le tionscadal **Choláiste Pobail Bhuiríos Uí Chéin** tugadh isteach gné nua sa chleachtas scoile uile trí Oíche Eolais MRB do thuismitheoirí lucht na chéad bhliana. Ag an seisiún seo, iarradh ar na scoláirí cur i láthair a dhéanamh faoi na cineálacha éagsúla de thionscadail MRB a d'oibrigh siad orthu, a bpróiseas agus na tacaí a tugadh dóibh. Do thuismitheoirí, bhí cumas na scoláirí seo le míniú a thabhairt ar an méid a bhí bainte amach acu agus mar a bhain siad amach é ina fhianaise láidir ar a muinín ardaithe, inniúlacht ábhair, agus scileanna tábhachtacha.

- Le linn an tionscadail, tugadh teimpléad molta do na Scoileanna Céim Suas chun a gcás-staidéir a scríobh suas. Tugadh spreagadh agus tacaíocht láidir dóibh freisin gearrthóga fuaime/físe a leabú ina gcás-staidéir. Rud suntasach is ea an chaoi inar chuir scoileanna aonair míreanna ilmheán isteach chun a scéalta a insint. Mar shampla, rinne **Coláiste Stratford** beochan Powtoon an-éifeachtach a leabú ina chás-staidéar, a chuir fócas agus gnóthachtálacha an tionscadail in iúl ar bhealach a bhí inrochtana do scoláirí, tuismitheoirí agus múinteoirí araon. Mar an gcéanna, rinne foireann **Choláiste Naomh Bricín** íomhánna de shamplaí d'aiseolas scoláirí agus den dul chun cinn ina bhfoghlaim a leabú ina gcás-staidéar, a thug blas do léitheoirí de na hacmhainní agus na huirlisí bailithe fianaise a d'úsáid siad.

# 6. Ag foghlaim ó Céim Suas don chóras

## 6.1 Comhairle ó scoileanna Céim Suas chun tacú leis an gcéad timthriall eile de FMS

### 6.1.1 Leag béim láidir ar ionchais i dtaca le comhar a bhogadh ó phleananna agus páipéar go dtí daoine agus cleachtais

Ní mór d'fhoirne tionscadail an t-am a thógáil le gabháil don phlé agus taighde gairmiúil, chun tuiscint chomhroinnte a fhorbairt ar a réimse fócais ar leith (bíodh sé sin oideolaíocht / scileanna tábhachtacha / torthaí foghlama/ measúnú foirmitheach). Ní go dtí go ndéanfaidh múinteoirí tuilleadh forbartha ar a scileanna féin i réimse ar leith a bheidh siad ábalta a aithint conas forbairtí a stiúradh lena scoláirí.

### 6.1.2 Lean ort den athbhreithniú agus beachtú ar d'fhócas ar feadh saolré an tionscadail

Rinne na scoileanna tionscadail féin agus na comhairleoirí caidrimh SSM agus Cigireachta freisin trácht ar an ngá d'fhoirne tionscadail athbhreithniú dian a dhéanamh ar a bhfócas tionscadail beartaithe mar ghrúpa ag an tús. Le beachtú ar an bhfócas tugadh soiléiriú do na múinteoirí a bhí i gceist faoi cad atá ar siúl acu, cén fáth, agus conas a thomhasfar é.

Bhí sé ríthábhachtach athmhachnamh a dhéanamh ar riachtanais foghlama na scoláirí, ag baint úsáid as fianaise ón méid ba mhó foinsí agus ab fhéidir. Trí fhócas an tionscadail a bhunú ar riachtanais scoláirí a bhí sonrach don scoil, neartaigh sé seo inbhuanaitheacht an tionscadail, ina ndéanfaí cuir chuige a forbraíodh chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais comhthéacsúla a oiriúnú ar leibhéal na foirne uile.

Le linn Bhliain 1, ag druidim le deireadh Bhliain 1, agus uaireanta i mBliain 2, lean Scoileanna Céim Suas den athbhreithniú agus beachtú ar a bhfócas, de réir mar a bailíodh aiseolas agus fianaise a d'aibhsigh riachtanais agus rath nach rabhthas ag súil leo. Tharla solúbthacht agus muinín chun fócas tionscadail a leasú nuair a bhí cleachtais athmhachnamhacha chomhroinnte an-éifeachtach.

### 6.1.3 Ní mór comhar múinteoirí a chothú go follasach

Tá comhar múinteoirí riachtanach chun eispéiris foghlama agus torthaí feabhsaithe a stiúradh ar fud scoile – ní féidir leo sin tarlú mura mbeidh an comhar ann.

I bhfianaise úire na hoibre le comhghleacaithe i réimsí ábhair eile, ba ghá do na foirne tionscadail na noirm chun cruinnithe a phleanáil agus a thionól go cuiditheach a phlé agus a aontú. Uaireanta ghlac na noirm sin níos mó ama ná mar a cheap na

comhordaitheoirí tionscadail a ghlacfadh, ach ba ghá an comhaontú seo a bhaint amach, sa chaoi is go mbeadh “caint mhacánta” in idirphlé na múinteoirí go pearsanta agus ar líne faoi cad a bhí ag obair go maith nó cad nach raibh ag obair go maith, cad ab fhiú a choinneáil agus cérbh iad na chéad chéimeanna eile a d’fhéadfadh a bheith ann. Sna timpeallachtaí seo le “caint mhacánta”, d’fhéadfadh na múinteoirí a bheith leochaileach ón taobh gairmiúil de agus comhairle phraiticiúil a fháil ó chomhghleacaithe ar bhealach dearfach. Bhí seans níos mó ann go ndéanfadh múinteoirí a fuair taithí ar thimpeallacht a bhí chomh sábháilte sin ón taobh gairmiúil de triail a bhaint as rudaí agus a ngníomhú gairmiúil a fhorbairt i dtaca le hathrú oideolaíochta agus curaclaim.

Do roinnt scoileanna, bhí bunú an fhíorchomhair ar cheann de na príomhthorthaí ar Céim Suas, áit a raibh gníomhartha aontaithe agus curtha i bhfeidhm ag tascfhoirne cheana ach nár bhog siad isteach i spás na “cainte macánta”.

### 6.1.4 Déan taifeadadh ar do bhreathnuithe ar feadh an tionscadail

Ba chóir an taifeadadh leanúnach ar bhreathnuithe athmhachnamhacha ag múinteoirí agus scoláirí páirteacha le linn tionscadal FMS a chur chun cinn níos láidre. Bhain na múinteoirí ar fhoirne Céim Suas úsáid as cuir chuige éagsúla chun a n-athmhachnaimh a chomhroinnt lena chéile, lena n-áirítear dialanna athmhachnamhacha digiteacha agus aipeanna, tiomantán comhroinnte nó cainéal tiomanta ar ardán ar líne na scoile. Rinneadh daoine na breathnuithe a thaifeadadh agus a roinnt san fhíoram, ag tacú leis an bplé gairmiúil ar bhonn leanúnach – ní díreach ag cruinnithe foirmiúla foirne.

### 6.1.5 Bíodh riachtanais agus guth na scoláirí ina bpríomhstiúrthóirí ar thionscadail

Thug scoileanna Céim Suas aird go ríchúramach ar ghuth na scoláirí chun fócas a dtionscadal a shainaithint agus athbhreithniú a dhéanamh ar an dul chun cinn. Rinneadh guth na scoláirí a chothú, éisteadh leis, gabhadh é, agus rinneadh gníomh ina leith chun feabhas a chur ar an bhfoghlaim. Cé nár bhain roinnt scoileanna tionscadail úsáid ach as suirbhéanna scoláirí amháin roimhe sin, bhog siad chuig an suíomh seo a leanas: “. . .is í an mheiteachritéar is bunúsaí le breith a dhéanamh cé acu an bhfuil dea-chleachtas oideachasúil ag tarlú nó nach bhfuil ná a mhéid a ndéanann oideoirí iarracht, d’aon ghnó agus go córasach, dul isteach i gcloigne na bhfoghlaimeoirí agus seomraí ranga agus an fhoghlaim a fheiceáil óna dtaobhsa de” (Brookfield, 1998).

Trí obair níos déine le fócasghrúpaí scoláirí a chur san áireamh ina gcleachtas, bhailigh na Scoileanna Céim Suas sonraí níos saibhre. Déanann John Hattie achoimre ar thairbhe fhadtéarma an chleachtais seo: “Nuair a fhéachann múinteoirí, nó ar a laghad má tá siad oscailte do, aiseolas ó scoláirí maidir le cad atá ar eolas ag na scoláirí, cad a thuigeann siad, cén áit ina ndéanann siad earráidí, cathain a bhíonn míthuiscintí acu, cén uair nach mbíonn siad gafa – ansin is féidir teagasc agus foghlaim a bheith

sioncronaithe agus cumhachtach. Cuidíonn aiseolas do mhúinteoirí leis an bhfoghlaim a dhéanamh infheicthe" (2009).

### 6.1.6 Tá rannpháirtíocht dhíreach na gceannairí scoile i dtionscadail ríthábhachtach

Le linn na laethanta seimineáir, rinne na rannpháirtithe go léir (ceannairí scoile san áireamh) gníomhaíochtaí a d'iarr orthu gabháil don athmhachnamh, obair chomhoibríoch, agus piarfhoghlaim. Ar an gcaoi chéanna, nuair a ghlac ceannairí scoile páirt i gcuairteanna ionscoile ag cigirí agus comhairleoirí SSM, bhí siad i láthair ag plé faoi ghníomhartha sonracha scoile chun páirt a ghlacadh in athrú oideolaíochta agus curaclaim na Sraithe Sóisearaí.

Nuair a ghlac ceannairí scoile páirt i ngníomhaíochtaí Céim Suas lasmuigh den scoil agus laistigh den scoil, tháinig siad ar thuiscint ar na gnéithe den teagasc, foghlaim, agus measúnú a raibh béim orthu don bhfeabhsú. Trí thuiscint a bheith acu ar na tairbhí a d'fhéadfadh a bheith ag tionscadal Céim Suas dá scoil, bhí fonn ar cheannairí scoile tacú le foirne tionscadail trí am agus spás a chruthú dá gcomhar. Bhí dóchúlacht níos mó ann go bhféachfadh ceannairí scoile a raibh rannpháirtíocht dhíreach leanúnach acu i Céim Suas le gníomhartha tionscadail a dhéanamh inbhuanaithe, trína chinntiú gur gcuirfí in iúl iad do na múinteoirí go léir agus go leabófaí iad mar chleachtas scoile uile.

Rinne freagróir ar an suirbhé i bhFeabhra 2021 a pléadh i gCaibidil 4 achoimre ar an ngá le ceannairí scoile a bheith páirteach go díreach i dtionscadail: "Go minic, is féidir le ceannairí scoile a bheith 'in abar' i bhfeidhm throm riaracháin agus éilimh laethúla a róil agus creidim gur thug an tionscadal Céim Suas agus a rannpháirtíocht deis dóibh athdhíriú ar theagasc agus foghlaim. I neart cásanna, thug sé deis dóibh freisin léargas a fháil ar thairbhí an chleachtais chomhoibrigh."

### 6.1.7 Inis do scéal FMS "idir mhaith agus olc"

Ní raibh rath ar na Scoileanna Céim Suas mar aistear líneach le linn na dtrí bliana dá rannpháirtíocht. Teachtaireacht thábhachtach a tugadh trí ghníomhaíochtaí le linn na laethanta seimineáir, tríd an teimpléad molta do scoileanna chun a gcás-staidéir foghlama Céim Suas a ghabháil, agus trí aiseolas a tugadh ar chuairteanna ionscoile ab ea gur chóir d'fhoirne tionscadail a scéalta a insint go muiníneach "idir mhaith agus olc." Spreagadh na scoileanna lena shainaithint cén áit a bhailigh siad torthaí nach rabhthas ag súil leo ar a n-aistir foghlama agus ar ghá dóibh treo a athrú mar fhreagra ar an bhfianaise a bailíodh. Spreagadh dóibh cur síos macánta a thabhairt ar a n-eispéiris forfheidhmithe, seachas na mionsonraí sin a ghearradh amach chun scéalta a chruthú faoi rath leanúnach, sa chaoi is go bhféadfadh scoileanna eile a n-eispéiris féin den obair feabhsúcháin scoile a nascadh le cás-staidéir na bpiar-scoileanna.

### 6.1.8 Gluais ar shiúl ó do scéal FMS a insint le prós amháin

Go dtí seo, d'iarr an treoir FMS in Éirinn ar na scoileanna a ndul chun cinn a chur in iúl le prós amháin. Le Céim Suas, tugtar samplaí de leabú na fianaise fuaime/físe ó mhúinteoirí, ó cheannairí scoile agus ó scoláirí i dtuarascálacha FMS agus d'úsáid chruthaitheach as teicneolaíochtaí foghlama digití ar nós na beochana chun guth a thabhairt do bhunús agus tairbhí na dtionscadal FMS. Ag féachaint romhainn ar an todhchaí, bheadh cumarsáid ilmhódúil de dhul chun cinn le feabhsúchán scoile níos inrochtana do scoláirí, do thuismitheoirí agus don phobal i gcoitinne seachas cás-staidéir nach bhfuil iontu ach prós.

## 6.2 Le hobair chomhtháite ag an gCigireacht agus seirbhísí tacaíochta do mhúinteoirí, bhainfí torthaí FMS níos mó fós amach i scoileanna

D'eagraigh cigirí cruinnithe comhairleacha FMS le foirne scoile le tamall de bhlianta anuas, ina raibh plé gairmiúil faoi chúinsí sonracha na scoile agus riachtanais a scoláirí. Áirítear sna tacaí eile FMS a chuir an Chigireacht ar fáil foilseacháin (*Treoirlínte FMS*, *Ag Breathnú ar an Scoil Againne 2016*, Imlitreacha, Nuachtlitreacha FMS, suíomh gréasáin FMS atá anois ar gov.ie) agus líon teoranta de sheimineáir le ceannairí scoile.[22] Cuireann comhairleoirí de chuid seirbhís tacaíochta FGSM roinnt ionchur foghlama gairmiúil ar FMS ar fáil do scoileanna freisin (de ghnáth, dírithe ar phleanáil scoile DEIS).

Bhí Céim Suas bunaithe ar an dea-chleachtas foghlama gairmiúil, ag forbairt inniúlachtaí athmhachnamhacha agus comhoibríocha agus saineolas curaclaim na múinteoirí, chun tacú le heispéiris agus torthaí feabhsaithe foghlaimeoirí. Chuir an tionscadal rannpháirtíocht chomhoibríoch ó sheirbhís tacaíochta SSM agus an Cigireacht a cruthaíodh go cúramach do na scoileanna ar leith thar thréimhse shainithe ama. Ba chóir féachaint go cúramach ar shamhail agus próiseas Céim Suas chun tacú le scoileanna i dtéarmaí samhlacha den fhoghlaim agus dúshlán gairmiúil sa todhchaí a dhearadh do scoileanna do chúiseanna sonracha amanna athraithe ar leith. Ba chóir go mbeadh sé mar sprioc ag tionscadail dá leithéid i gcónaí nach mbeadh gá le comhairleoirí seachtracha, trí thacú le teacht chun cinn ghníomh na múinteoirí atá comhoibríoch, bunaithe ar an bhfianaise agus athmhachnamhach.

[22] Féach ábhair na Cigireachta chun tacú le FMS ar [https://www.gov.ie/en/service/3f07cf-school-self-evaluation/](https://www.gov.ie/en/service/3f07cf-school-self-evaluation/)

## 6.3 An gá le Céim Suas 2

Moltar gur chóir dara céim de Céim Suas a ghníomhachtú trí fhoirne scoile tras-ábhair nua. Bheadh ceithre thairbhe ag dara céim dá leithéid. Ar dtús, chuirfeadh sé feabhas ar chomhar agus forbairt ghairmiúil na múinteoirí trí phlé gairmiúil ar an oideolaíocht. Ar an dara dul síos, chuirfeadh sé feabhas ar eispéiris foghlama agus torthaí na scoláirí agus iad rannpháirteach le forfheidhmiú iomlán *Creat don tSraith Shóisearach (2015).* Ar an tríú dul síos, ghabhfadh sé samplaí den dea-chleachtas le scaipeadh ar na scoileanna go léir. Ar an gceathrú dul síos, trí thacú leis an bhféinmheastóireacht, nuálaíocht agus cleachtais chomhoibríocha, dhéanfadh céim eile de Céim Suas tuilleadh forbartha ar chúinsí fabhracha do thuilleadh athchóirithe ar an gcuraclam.

## Buíochas

Comhfhiontar comhoibríoch is ea Céim Suas ag SSM, an Chigireacht, agus na scoileanna tionscadail a raibh an-rath air, cruthúnas ar fhírinne an tseanfhocail "Ní neart go cur le chéile."

Ba mhaith linn aitheantas a thabhairt d'obair na múinteoirí, na scoláirí, agus na hardbhainistíochta sna 9 scoil tionscadail a bhí páirteach sa tionscadal Céim Suas. Ba phléisiúr é obair leo ag seimineáir Céim Suas seimineáir agus ar chuairteanna scoile. Bhí a gcuid díograise, tionscnaíochta agus tiomantais chun athrú a stiúradh le sonrú i gcónaí inár gcaidreamh leo.

Ba mhaith linn aitheantas a thabhairt d'obair na gcomhairleoirí SSM éagsúla a d'oibrigh ar Céim Suas ó 2018-2021. D'fhreastal Sinéad Tuohy agus James Thompson go cumasach mar Chomhordaitheoirí Céim Suas SSM feadh saolré an tionscadail. Fuair siad tacaíocht láidir óna gcomhghleacaithe comhairleoirí Gráinne Macken Reid, Emma Gallagher, David King, David Walsh, Áine Woods, agus Gemma Moran.

Ba iad na comhghleacaithe cigirí caidrimh a d'oibrigh leis na Scoileanna Céim Suas Orlaith O'Connor, Carmel Donoghue, Gary McConway, agus mé féin, Siobhán Broderick, údar na tuarascála seo.

Go háirithe, tá buíochas tuillte ag an bhfoireann ceannaireachta don tionscadal:

- Deirdre Mathews, Príomh-Chigire Cúnta a dhear an togra bunaidh do Céim Suas (ar scor anois);
- Declan Cahalane, Príomh-Chigire Cúnta; Eoghan Evesson, iar-Leas-Stiúrthóir SSM (Ábhair), agus Bernardine Nic Ghiolla Phádraig, a tháinig in ionad Eoghain, a thug tacaíocht agus treoir don tionscadal go dtí a chríoch.

## Tagairtí

Brookfield, S. (1998). Critically reflective practice. *The Journal of Continuing Education in the Health Professions*, 18, 197 – 205.

An Roinn Oideachais agus Scileanna. (2016). *Ag Breathnú ar an Scoil Againne 2016: Creat Cáilíochta d'Iar-Bhunscoileanna*. An Roinn Oideachais agus Scileanna.

An Roinn Oideachais agus Scileanna. (2016). Féinmheastóireacht Scoile – Treoirlínte 2016-2020 – Iar-Bhunscoileanna. An Roinn Oideachais agus Scileanna.

Handelzalts, A. (2009). Collaborative curriculum design in teacher design teams. Doctoral dissertation. Enshede, The Netherlands: University of Twente.

Handelzalts, A., Nieveen, N., Van Den Akker, J. (2019). Teacher Design Teams for School-Wide Curriculum Development: Reflections on an Early Study. In J. Pieters, J. Voogt, & N.R.Roblin (Eds), *Collaborative Curriculum Design for Sustainable innovation and Teacher Learning* (pp. 55 – 82). Springer International Publishing.

Hattie, J. Visible Learning: a synthesis of over 800 meta-analyses relating to achievement London, Routledge, 2009, page 173.

Hattie, J. (2009) *Visible learning: A synthesis of over 800 meta-analyses related to achievement.* Routledge, London.

Huizinga, T., Handelzalts, A., Nieveen, N., & Voogt, J. (2015). Fostering teachers' design in teacher design teams: conducive design and support activites. *The Curriculum Journal,* 26, 137 – 163.

OECD (2020), *Education in Ireland: An OECD Assessment of the Senior Cycle Review*, Implementing Education Policies, OECD Publishing, Paris. https://doi.org/10.1787/636bc6c1-en.

Rolfe, G., 2014. Rethinking reflective education: What would Dewey have done?" *Nurse Education Today* 34 (2014) 1179 – 1183

Smith, K. (2017). *Teachers as Self-Directed Learners*. Singapore: Springer.